Teastas Eorpach na Gaeilge

# Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2)

# Teastas Eorpach na Gaeilge

# Siollabas Mheánleibhéal 2 (B2)

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## Clár lch

1. Réamhrá ... 5
2. An t-ábhar i siollabas Mheánleibhéal 2 (B2) ... 6
3. Na scileanna ... 7
3.1 An tuiscint ... 7
3.2 An labhairt ... 8
3.3 An léitheoireacht ... 9
3.4 An scríbhneoireacht ... 9
4. An fhoghraíocht ... 11
5. Canúintí na Gaeilge ... 12
6. Cultúr na hÉireann ... 14
7. An siollabas gramadaí ... 16
8. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga ... 17
8.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide ... 18
8.2 Feasacht teanga ... 20
9. Téacsanna ... 22
9.1 Téacsanna éisteachta agus físe ... 23
9.2 Téacsanna léitheoireachta ... 23
10. Tascanna ... 24
11. Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2) ... 25
Topaic 1: Sonraí pearsanta ... 26
Topaic 2: Teach agus baile, ceantar cónaithe ... 32
Topaic 3: Daoine eile ... 39
Topaic 4: Am saor agus caitheamh aimsire ... 44
Topaic 5: Cúrsaí oibre agus fostaíochta ... 51
Topaic 6: Bia, deoch agus cúrsaí sláinte ... 57
Topaic 7: Ag eagrú cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht ... 61
Topaic 8: Ag freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht ... 66
Topaic 9: Cúrsaí oideachais ... 71
Topaic 10: Na meáin chumarsáide ... 76
Topaic 11: An teicneolaíocht ... 81
Topaic 12: Cúrsaí sóisialta agus dlí ... 87

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

Topaic 13: An pholaitíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ............................................. 93
Topaic 14: Cad é atá sa nuacht?........................................................................... 98

## 1. *Réamhrá*

Leagtar síos sa siollabas seo na réimsí úsáide teanga ba cheart a bheith ar chumas na bhfoghlaimeoirí sula dtabharfaidh siad faoi scrúdú *Meánleibhéal 2* (B2).

Is tógáil ar na heilimintí teanga a bhí i siollabais Bhonnleibhéal 1 (A1), Bhonnleibhéal 2 (A2) agus Mheánleibhéal 1 (B1) atá sa siollabas seo. Tá an bhéim ar fhorbairt, ar thógáil agus ar chothú na feasachta. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh na scileanna atá sealbhaithe ag na foghlaimeoirí ag na leibhéil eile a bhuanú agus a fhorbairt.

Tá scrúduithe agus siollabais TEG ar fáil ag na leibhéil seo:

| Siollabais TEG | Leibhéil Scrúdaithe |
|---|---|
| Bonnleibhéal 1 (A1) | Bonnleibhéal 1 (A1) |
| Bonnleibhéal 2 (A2) | Bonnleibhéal 2 (A2) |
| Meánleibhéal 1 (B1) | Meánleibhéal 1 (B1) |
| Meánleibhéal 2 (B2) | Meánleibhéal 2 (B2) |
| Ardleibhéal 1 (C1) | Ardleibhéal 1 (C1) |

Léiríonn an tábla thíos an chaoi a bhfuil siollabais agus scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge bunaithe go ginearálta ar *The Common European Framework of Reference for Languages: Learning, Teaching and Assessment* (CEFR) a d'fhoilsigh Comhairle na hEorpa sa bhliain 2001.

| Siollabais TEG agus Leibhéil Scrúdaithe | Leibhéil CEFR | Uaireanta staidéir/ foghlama* |
|---|---|---|
| Bonnleibhéal 1 (A1) | A1 | 80–100 |
| Bonnleibhéal 2 (A2) | A2 | + 160–200 |
| Meánleibhéal 1 (B1) | B1 | + 350–400 |
| Meánleibhéal 2 (B2) | B2 | + 500–600 |
| Ardleibhéal 1 (C1) | C1 | + 1000 |
| | C2 | + 1500 |

** Níl anseo ach treoir.*

Ag Meánleibhéal 2 (B2), beifear ag súil leis na foghlaimeoirí a bheith inniúil ar na spriocanna a leagadh síos le haghaidh Mheánleibhéal 1 (B1) i dtaca le gach ceann de na téamaí a clúdaíodh. Bíodh sin mar atá, beifear ag súil leis an fhoghlaimeoir ag Meánleibhéal 2 (B2) a bheith in ann roinnt mhaith rudaí sa bhreis a dhéanamh, seachas mar a bhí ag Meánleibhéal 1 (B1). Beidh an forás sin le sonrú ar fheidhmiú

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

foriomlán an fhoghlaimeora ó thaobh líofachta, foclóra, cruinnis, scileanna gramadaí agus araile.

Ní hé go mbeifear ag iarraidh ar fhoghlaimeoirí ag an chéim seo den fhoghlaim rudaí úrnua ar fad a dhéanamh, ach déileáil le dúshláin agus le héilimh an ghnáthshaoil ar shlí níos éifeachtaí agus níos sásúla, gan a bheith faoi bhac chomh mór ag a gcumas teoranta sa teanga, go háirithe ó thaobh foclóra de. Beidh an dul chun cinn atá déanta acu ó thaobh líofachta agus cruinnis de ina chabhair acu maidir le smacht a choimeád ar an phróiseas cumarsáide.

Tá riachtanais bhreise ag an leibhéal seo a léiríonn an t-aistriú ó theanga atá pearsanta agus suibiachtúil go dtí teanga atá níos ginearálta agus níos oibiachtúla.

Mar a luadh cheana, is í an 'intuarthacht' is tábhachtaí ag leibhéal B1. Ag leibhéal B2, is í an tsolúbthacht is tábhachtaí. Beidh foghlaimeoirí B2 in ann déileáil le deacrachtaí teanga agus le rudaí nach mbíonn aon choinne acu leo, agus sin a dhéanamh ar bhealach níos solúbtha ná mar atá ar chumas foghlaimeoirí ag leibhéal B1. Beidh siad in ann tarraingt ar acmhainní teanga atá níos saibhre (go háirithe ó thaobh foclóra de) chun a riachtanais agus a mianta a chur in iúl ar shlí níos beaichte agus níos cruinne.

Maidir le foclóir de, is foclóir teoranta a chuirtear i láthair na bhfoghlaimeoirí. Foclóir atá ann a bhaineann le riachtanais agus le héilimh an ghnáthshaoil, ach beifear ag súil leo a bheith ag gníomhú as a stuaim féin agus leas a bhaint as acmhainní agus leabhair thagartha chun foclóir a fhorbairt a oireann dá riachtanais agus dá mianta féin.

Beidh tuiscint níos fearr ag foghlaimeoirí ag an leibhéal seo ar fhriotal níos faide agus níos casta, agus beidh siad féin in ann friotal níos faide agus níos casta a chur ar fáil.

### 2. *An t-ábhar i siollabas Mheánleibhéal 2 (B2)*

- Níl sna spriocanna atá leagtha amach sa siollabas seo ach ***an t-íosmhéid teanga*** atá riachtanach chun go mbeidh foghlaimeoirí in ann feidhmiú sna réimsí sin.

- Ní gá do mhúinteoirí cloí leis an ord ina gcuirtear na hábhair i láthair. Níor cheart, mar shampla, a cheapadh gur aonad amháin teagaisc atá in aon cheann de na haonaid sa siollabas anseo. Roghnaíodh an leagan amach atá in úsáid anseo ar mhaithe le héascaíocht agus ní mar threoir theagaisc.

- Ní miste do mhúinteoirí na hábhair a mhúineadh de réir mar a shíleann siad féin a bheith oiriúnach, ach ba chóir dóibh béim a leagan ar idirghaolmhaireacht na dtéamaí éagsúla agus ar conas a bhíonn na téamaí éagsúla ag brath, cuid mhór, ar na scileanna teanga céanna.

- Moltar do mhúinteoirí an t-ábhar a chur in oiriúint dá bhfoghlaimeoirí féin. Cuirtear croí-fhoclóir teoranta ar fáil ach níl aon chosc ar mhúinteoirí sainriachtanais na bhfoghlaimeoirí a chur san áireamh agus iad ag ullmhú a gcúrsaí féin.

- Tá sé an-tábhachtach ag an leibhéal seo go gcuirfí ar chumas na bhfoghlaimeoirí eolas a aimsiú, trí mheán na Gaeilge, sna sainréimsí spéise atá acu féin. D'fhéadfaí, mar shampla, ailt, agus píosaí físe a aimsiú a bheadh oiriúnach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus gach cabhair a thabhairt dóibh dul i ngleic leis na hábhair sin ar shlite taitneamhacha, tairbheacha.

### *3. Na scileanna*

Níl sé i gceist go ndéanfaí na scileanna a mhúineadh neamhspleách ar a chéile. Molaimid gur cheart cur chuige comhtháite a úsáid sa seomra ranga. Is é a chiallaíonn sé sin go gcuirfear deiseanna ar fáil do na foghlaimeoirí chun scileanna a chleachtadh le chéile sa rang teanga, mar shampla breathnú ar mhír físe, achoimre a scríobh agus, b'fhéidir, an achoimre sin a léamh os ard.

Is furasta teacht ar ábhair áirithe is féidir a úsáid mar áiseanna teagaisc, mar shampla ailt, cláir raidió agus teilifíse agus nuachtáin. Ach beidh ar mhúinteoirí dul sa tóir ar chuid den ábhar eile. Beidh orthu, uaireanta, dua a chur orthu féin chun na hábhair sin a chur in eagar agus in oiriúint dá gcuid ranganna féin.

#### *3.1 An tuiscint*

***Ginearálta***

Níor cheart go mbeadh aon mhórdheacrachtaí tuisceana ag foghlaimeoirí agus iad páirteach i ngnáthchomhrá a bhíonn ar siúl ag gnáthluas. Níor cheart go mbeadh aon mhórdheacrachtaí acu le cainteoirí a labhraíonn an chanúint is mó a bhfuil cleachtadh acu féin uirthi. Uaireanta, beidh orthu soiléiriú a lorg nó a iarraidh ar dhuine rud a athrá. Tá seans ann go mbeidh deacrachtaí tuisceana ag foghlaimeoirí agus iad ag plé le cainteoirí dúchais nó cainteoirí maithe eile a bhfuil blas láidir canúnach acu agus nach gcuireann a gcuid cainte in oiriúint don fhoghlaimeoir. Tá seans maith ann go mbeidh deacrachtaí acu le daoine a bhfuil canúint eile acu, go háirithe má bhíonn blas láidir ar a gcuid cainte nó má bhaineann siad úsáid as foclóir nó leaganacha cainte atá an-chanúnach.

Agus iad i mbun comhrá, beidh na straitéisí cuí ag foghlaimeoirí chun déileáil le cibé bearna thuisceana a thiocfadh chun cinn (féach **8.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide**).

Tuigfidh foghlaimeoirí cuid mhaith den ábhar i ngnáth-thuairiscí nuachta agus i gcláir theilifíse eile faoi ghnáthchúrsaí, fad is nach mbíonn an blas cainte róchanúnach ná an t-ábhar róshainiúil.

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

***Sa láthair oibre***
Níor cheart go mbeadh aon mhórdheacrachtaí tuisceana ag foghlaimeoirí agus iad i mbun comhrá nó ag glacadh páirt i gcruinnithe a bhaineann le hábhair a bhfuil eolas maith acu orthu. Beidh siad in ann gnáthdhualgais oibre a chomhlíonadh, mar shampla teachtaireachtaí gutháin a ghlacadh agus treoracha a leanúint. Tá seans ann go mbeidh deacrachtaí acu má bhíonn blas canúnach láidir ag an duine/na daoine lena bhfuil siad ag plé nó má bhíonn siad ag plé le roinnt daoine in aon am amháin.

Beidh na straitéisí cuí ag foghlaimeoirí le déileáil le cibé bearna a bheadh ina dtuiscint féin (féach **8.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide**). Tuigfidh siad na príomhphointí a ardaítear le linn cruinnithe nó léachtaí ina bpléitear sainábhair nach mbaineann lena réimse oibre féin.

Tá samplaí le fáil in **9. Téacsanna** de chineálacha téacsanna éisteachta agus físe a bhféadfadh an foghlaimeoir teacht orthu sa saol laethúil/oibre, agus ar cheart iad a chur san áireamh sa seomra ranga.

### *3.2 An labhairt*

***Ginearálta***
Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáthchomhrá le duine/daoine eile, fad is a théann an comhrá ar aghaidh ag gnáthluas. Beidh siad in ann déileáil le réimse leathan ábhar ina leithéid de chomhrá (féach na hábhair atá leagtha síos sa siollabas) chomh maith le hábhair eile ar spéis leo féin iad. Beidh foghlaimeoirí ag leibhéal B2 in ann dioscúrsa agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint agus a chur ar fáil atá níos faide ná na blúirí comhrá a mbítear ag súil leo ag leibhéal B1. Ag an leibhéal seo, bíonn na foghlaimeoirí in ann eolas a mhalartú, a sheiceáil agus a dheimhniú. Is féidir leo trácht ar an tábhacht phearsanta a bhain le tarlúintí agus le heispéiris áirithe, dearcadh a chur in iúl agus a chosaint le samplaí agus le hargóintí a bhaineann le hábhar. Ní hamháin go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl go sásúil ach beidh na straitéisí cuí acu le déileáil le rudaí a thagann chun cinn nach raibh siad ag súil leo (féach **8.1 Straitéisí**).

***Sa láthair oibre***
Beidh na foghlaimeoirí in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá nó i gcruinnithe a bhaineann le hábhair a bhfuil eolas maith acu orthu. Beidh siad in ann labhairt le daoine ar an ghuthán, teachtaireachtaí a ghlacadh, teachtaireachtaí a chur ar aghaidh, treoracha a thabhairt agus araile. Beidh siad in ann cur i láthair bunúsach (foirmeálta nó neamhfhoirmeálta) a dhéanamh ar ábhair a bhaineann lena réimse oibre.

***Cé chomh maith?***
Bíonn smacht maith ag na foghlaimeoirí ar an ghramadach, cé go mbíonn moill orthu ó am go ham agus iad ag iarraidh focail agus nathanna oiriúnacha a thabhairt chun cuimhne. Ní dhéanann siad botúin ghramadaí a bheadh ina n-údar le míthuiscint thromchúiseach. Bíonn foclóir réasúnta leathan acu a chuimsíonn topaicí ginearálta agus ábhair faoi leith ar spéis leo féin iad. Fuaimníonn siad focail go soiléir,

sothuigthe, cé go mbíonn tionchar na máthairtheanga le cloisteáil ar uairibh. Is dócha go mbeidh roinnt fadhbanna fós acu maidir le béim agus tuin chainte.

### *3.3 An léitheoireacht*

***Ginearálta***
De ghnáth, bheifí ag súil le foghlaimeoirí ag leibhéal B2 a bheith in ann déileáil lena lán cineálacha téacsanna scríofa a bhaineann go díreach nó go hindíreach leis na topaicí sa siollabas agus le hábhair eile ar spéis leo féin iad.

***Sa láthair oibre***
Bíonn na foghlaimeoirí in ann déileáil le gnáthlitreacha agus tuigeann siad an bhrí ghinearálta a bhaineann le raon maith comhfhreagrais nach mbaineann lena ngnáthchúraimí féin. Mar sin féin, bheadh sé deacair orthu déileáil le cásanna casta agus le teanga neamhchaighdeánach. Bíonn tuiscint iomlán acu ar thuairiscí gearra agus ailt i dtaobh topaicí intuartha agus bíonn siad in ann éirim an scéil a thabhairt leo fiú i gcás tuairiscí nó alt a bhaineann le topaic nach bhfuil mórán cur amach acu uirthi, fad is a bhíonn friotal soiléir ann. Mura mbíonn an friotal soiléir, bíonn baol míthuisceana ann. Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí eolach ar conas leas a bhaint as ábhair thacaíochta agus áiseanna cuí foghlama, foclóirí san áireamh.

***Cé chomh maith?***
Beifear ag súil go mbeidh na foghlaimeoirí ábalta na mórphointí i ngnáth-théacsanna a thuiscint agus go mbeidh siad in ann teacht ar na conclúidí agus na himpleachtaí atá le tuiscint go hindíreach ó théacsanna. Maidir le litreacha/teachtaireachtaí ríomhphoist, beifear ag súil nach mbeidh mórán deacrachtaí ag na foghlaimeoirí rudaí a bhaineann go dlúth lena réimse spéise féin a thuiscint. Ba cheart go mbeidís in ann an úsáid chuí a bhaint as foclóirí nó as áiseanna foghlama (ar líne agus eile) le cabhrú leo i gcás saintéarmaí nó focal/nathanna atá taobh amuigh dá réimse spéise féin.

### *3.4 An scríbhneoireacht*

***Ginearálta***
Ba cheart go mbeadh foghlaimeoirí ag leibhéal B2 in ann tabhairt faoi réimse measartha leathan de théacsanna scríofa a chur ar fáil, fad is a bhaineann an t-ábhar le topaicí intuartha. Mar shampla:

**Tábla 1**

| | |
|---|---|
| Nótaí | Póstaeir |
| Teachtaireachtaí | Cur síos a dhéanamh |
| Teachtaireachtaí ríomhphoist | Scéal a chumadh |
| Litreacha pearsanta | Achoimrí |
| Cuirí | Ailt |
| Dialann phearsanta | Léirmheasanna |
| CV | Aistí |
| Iarratais ar phoist | Eagarthóireacht ar théacs |

***Sa láthair oibre***

Beidh na foghlaimeoirí in ann raon leathan doiciméid scríofa a bhfuil baint dhíreach acu lena gcuid oibre a chur ar fáil, ach chaithfí na doiciméid sin a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil siad cruinn. Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna a scríobh chun eolas a sholáthar, fad is a bhaineann siad le réimsí oibre a bhfuil cur amach acu orthu. Beidh siad in ann iarratais a scríobh chomh maith, laistigh de raon intuartha. Beidh siad ábalta teachtaireachtaí a ghlacadh agus a chur ar aghaidh, ach beidh deacrachtaí acu le teachtaireachtaí atá fada nó casta. Beidh siad in ann nótaí a bhreacadh síos le linn do dhuine eile a bheith ag caint ar thopaicí a bhfuil cur amach acu orthu. Seo thíos samplaí de na cineálacha tascanna scríbhneoireachta a d'fhéadfaí a bheith le déanamh acu sa láthair oibre:

**Tábla 2**

| |
|---|
| Teachtaireachtaí |
| Teachtaireachtaí ríomhphoist |
| Litreacha foirmeálta |
| Dialann oibre |
| Tuairiscí |

***Cé chomh maith?***

Beidh a fhios ag na foghlaimeoirí conas litir fhoirmeálta nó neamhfhoirmeálta a scríobh; an chaoi le tús agus deireadh a chur le litir, an seoladh, dátaí, poncaíocht agus araile. Féach *Maidir le do litir*, an Gúm, Baile Átha Cliath (1998). Níor cheart go mbeadh aon mhíchruinneas suntasach ann i gcás go mbeadh an t-ábhar féin réasúnta simplí, intuartha. Beidh smacht maith ag na foghlaimeoirí ar an ghramadach. Ní dhéanfaidh siad botúin ghramadaí a bheadh ina n-údar le míthuiscint thromchúiseach. Bainfidh siad úsáid as foclóir leathan a chuimsíonn formhór na dtopaicí ginearálta agus ábhair faoi leith ar spéis leo féin iad. Beidh siad réasúnta cruinn maidir le litriú agus poncaíocht ach is dócha go mbeidh tionchar na máthairtheanga le brath ar a gcuid scríbhneoireachta.

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

### ***4. An fhoghraíocht***

Caithfear, i dtús báire, an tábhacht a bhaineann le cruinneas foghraíochta a chur ar a súile do na foghlaimeoirí. Ba cheart triail a bhaint as roinnt gníomhaíochtaí le tábhacht na foghraíochta a thaispeáint agus chun a léiriú dóibh nach ionann fuaimeanna an Bhéarla agus fuaimeanna na Gaeilge (féach **8.2 Feasacht teanga**). Níor cheart breathnú ar an fhoghraíocht mar aonad teagaisc faoi leith. Ina áit sin, moltar do mhúinteoirí an fhoghraíocht a fhí isteach sa ghnáth-theagasc oiread agus is féidir.

Tá dhá rud faoi leith ann ar cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú orthu agus iad ag plé le foghraíocht na Gaeilge:

*(1) Béim, rithim, tuin na cainte*
Tá tuin na cainte thar a bheith tábhachtach maidir leis an eolas a thugann sí dúinn ar mhothúcháin agus ar dhearcadh an té atá ag caint. Athraítear tuin na cainte chun míshásamh, fearg, íoróin agus araile a chur in iúl. Féach na samplaí thíos.

Cainteoir 1: A Mháire, tá do chulaith go hálainn!
Cainteoir 2: Go raibh maith agat! (Sásamh á chur in iúl).

Cainteoir 1: Órú, a Mháire, tá tú tite chun feola ó chonaic mé go deireanach thú.
Cainteoir 2: Hmm, go raibh maith agat. (Íoróin)

*(2) Fuaimeanna na teanga*
Ag an leibhéal seo, ba cheart go mbeadh na foghlaimeoirí in ann príomhghnéithe chóras fuaimeanna na Gaeilge a láimhseáil; na gutaí fada agus gairide, na défhoghair agus na consain leathana agus chaola. Beidh siad in ann na gnéithe sin a aithint agus dealú eatarthu. Níl ar ár gcumas cuntas cuimsitheach a thabhairt ar chóras fuaimeanna na Gaeilge. Gheofar gearrchuntas sa 'Phonetic Preface' le *An Foclóir Póca*, an Gúm (1986). Féach na samplaí seo a leanas:

*Difríochtaí fuaime idir na gutaí fada agus na gutaí gairide, mar shampla:*

| | |
|---|---|
| [a] ait | [a:] áit |
| [e] beir | [e:] béarfaidh |
| [i] briste | [i:] bríste |
| [o] seo | [o:] seó |
| [u] tur | [u:] túr |

*Na défhoghair, mar shampla:*

| | |
|---|---|
| [uə] | f<u>ua</u>r…s<u>ua</u>s…th<u>ua</u>s |
| [ai] | <u>leigh</u>eas…<u>agh</u>aidh |
| [iə] | b<u>ia</u>…p<u>ia</u>n…c<u>ia</u>nta |
| [au] | <u>bodh</u>rán |

| *Na consain leathana, mar shampla* | *Na consain chaola, mar shampla* |
|---|---|
| [b] bó | [bʹ] beo |
| [d] dó | [dʹ] (go) deo |
| [f] fann | [fʹ] feann |
| [g] gal | [gʹ] geal |
| [k] clár | [kʹ] cead |
| [m] mar | [mʹ] mear |
| [p] paca | [pʹ] peaca |
| [r] fuar | [rʹ] fuair |
| [s] sa | [sʹ] sin |
| [t] tuí | [tʹ] tí |
| [x] a Chonaill | [xʹ] a Chiaráin |

### 5. *Canúintí na Gaeilge*

Beifear ag súil ag an leibhéal seo go mbeidh eolas measartha maith ag foghlaimeoirí ar cheann amháin de na mórchanúintí.

Beidh siad in ann iad féin a chur in iúl sa chanúint sin agus beidh siad in ann daoine eile a bhfuil an chanúint chéanna acu a thuiscint fad is nach bhfuil blas an-láidir ar chaint na ndaoine sin agus nach mbaineann siad úsáid as foclóir nó nathanna cainte atá an-chanúnach.

Ba cheart go mbeadh cur amach ag na foghlaimeoirí ar na príomhghnéithe a bhaineann leis na canúintí eile. Féach na samplaí thíos.

Níor cheart breathnú ar eolas ar na canúintí mar aonad teagaisc faoi leith ná féachaint leis na canúintí a mhúineadh in aon mhodúl iomlán amháin. Níl sé ar ár gcumas cuntas cuimsitheach a thabhairt ar chanúintí na Gaeilge.[1] Níl sa mhéid thíos ach pointí chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí faoi na nithe ar cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú orthu de réir mar a thagann siad chun cinn go nádúrtha i dtéacsanna éisteachta agus léitheoireachta. (Féach chomh maith **8.2 Feasacht teanga**.)

***Leaganacha cainte***

Ba cheart go mbeadh eolas ag na foghlaimeoirí ar na príomhdhifríochtaí idir leaganacha cainte coitianta a úsáidtear sna canúintí éagsúla, mar shampla:

[1] Féach an tsraith *An Teanga Bheo* a d'fhoilsigh Institiúid Teangeolaíochta Éireann ina bhfuil na himleabhair seo a leanas: *Gaeilge Uladh* le Dónall P. Ó Baoill (1996), *Gaeilge Chonamara* le Séamas Ó Murchú (1998), *Gaeilge Chorca Dhuibhne* le Diarmuid Ó Sé (2000) agus *Gaeilge Chléire* le Breandán Ó Buachalla (2003).

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| ***An Deisceart*** | ***An tIarthar*** | ***An Tuaisceart*** |
|---|---|---|
| Conas taoi?/Conas t(h)ánn tú? | Cén chaoi a bhfuil tú? | Cad é mar atá tú? |
| Ní mór dom/ní foláir dom | Caithfidh mé | Caithfidh mé |
| Cad ina thaobh | Cén fáth | Cad chuige |
| N'fheadar | Níl a fhios agam | Níl a fhios agam |

***An ghramadach***

Seo cuid de na príomhdhifríochtaí gramadaí idir na canúintí éagsúla:

1. Bíonn meascán d'fhoirmeacha táite agus d'fhoirmeacha scartha ann ó chanúint go chéile. Sa deisceart is láidre a bhíonn na foirmeacha táite.

    Nuair a bhíos óg/nuair a bhí mé óg
    Chuamar abhaile/chuaigh muid abhaile

2. Bíonn idir urú agus séimhiú sa tuiseal tabharthach. Is i gCúige Uladh is mó a bhíonn an séimhiú.

    Amuigh ar an bhfarraige/amuigh ar an fharraige
    Éist leis an gceol/éist leis an cheol

3. Is minic a bhaintear úsáid as *cha/r* san fhoirm dhiúltach den bhriathar i gCúige Uladh.

    Cha raibh mé amuigh aréir/ní raibh mé amuigh aréir
    Char chas mé leis/níor chas mé leis

***Foclóir***

Is féidir na difríochtaí idir focail ó chanúint go chéile a rangú i dtrí ghrúpa:

1. Focail a bhfuil foirmeacha éagsúla acu sna canúintí éagsúla, ach a bhfuil an bhrí chéanna leo

| ***An Deisceart*** | ***An tIarthar*** | ***An Tuaisceart*** |
|---|---|---|
| Gaolainn | Gaeilge | Gaeilg |
| Prátaí | Fataí | Preátaí |
| Éigin | Éigint/éicint | Inteacht |
| Eireaball | Trioball | Ruball |

2. Focail a bhfuil na foirmeacha céanna acu sna canúintí éagsúla, ach nach bhfuil an bhrí chéanna leo:

| ***An Deisceart*** | ***An tIarthar*** | ***An Tuaisceart*** |
|---|---|---|
| Úr (*fresh*) | Úr (*fresh*) | Úr (*new*) |
| Mall (*slow*) | Mall (*slow*) | Mall (*late*) |
| Sciathán (*wing*) | Sciathán (*wing*) | Sciathán (*arm*) |
| Tinn (*sore*) | Tinn (*sick*) | Tinn (*sick*) |

3. Focail éagsúla le haghaidh na rudaí céanna:

| ***An Deisceart*** | ***An tIarthar*** | ***An Tuaisceart*** |
|---|---|---|
| Bord/clár | Bord | Tábla |
| Cuíosach | Réasúnta/sách | Measartha |
| Deacair | Deacair | Doiligh |
| An iomarca | An iomarca | Barraíocht |
| Oiriúnach | Feiliúnach | Fóirsteanach |

***An fhoghraíocht*** Is í an difríocht is suntasaí ná béim an ghutha i bhfocail ilsiollacha. Is gnách gur ar an chéad siolla a chuirtear an bhéim sa Tuaisceart: **am**adán. Is i ndeireadh an fhocail a bhíonn an bhéim ó dheas de gnáth: ama**dán**.

### *6. Cultúr na hÉireann*

Beidh roinnt foghlaimeoirí ann nach as Éirinn iad, nó atá ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge i dtíortha thar lear. Ba cheart iad a chur ar an eolas maidir le príomhghnéithe chultúr an hÉireann, go háirithe na gnéithe sin atá bainteach leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht.

Molaimid nár cheart gur aonad teagaisc faoi leith a dhéanamh de seo. B’fhearr tagairtí a dhéanamh do ghnéithe áirithe den chultúr de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn i dtéacsanna éisteachta agus scríofa agus in obair an ranga.

Sa tábla thíos, tá roinnt gnéithe den chultúr ar cheart díriú orthu. Ar ndóigh, beidh cuid acu clúdaithe ag na leibhéil eile agus beidh nithe eile a gcuirfidh mic léinn eachtrannacha spéis iontu.

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| | |
|---|---|
| Topaic 1. Sonraí pearsanta | Ainmneacha agus sloinnte na hÉireann |
| Topaic 2. Teach agus baile, ceantar cónaithe | Logainmneacha na hÉireann |
| Topaic 4. Am saor agus caitheamh aimsire | Mórfhéilte na hÉireann anois agus san am a chuaigh thart agus na nósanna a bhaineann/a bhain leo.<br>Eolas ar an amhránaíocht, an damhsa agus an ceol Gaelach<br>Féilte Gaelacha<br>Na cluichí Gaelacha<br>Gnéithe de bhéaloideas na hÉireann<br>Litríocht na Gaeilge (na mórscríbhneoirí, dánta, drámaí, gearrscéalta, úrscéalta) |
| Topaic 5. Cúrsaí oibre agus fostaíochta | Fostaíocht sa Ghaeltacht (Údarás na Gaeltachta) |
| Topaic 7. Ag eagrú cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht | Eolas mar gheall ar na heagraíochtaí a chuireann cúrsaí teanga ar fáil sa Ghaeltacht<br>Eolas faoi na ceantair Ghaeltachta |
| Topaic 8. Ag freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht | Na mórchanúintí agus na príomhdhifríochtaí eatarthu.<br>An tseandálaíocht (iarsmaí réamhstaire) |
| Topaic 9. Cúrsaí oideachais | Oideachas trí mheán na Gaeilge<br>Na naíonraí agus na Gaelscoileanna<br>Cúrsaí tríú leibhéal |
| Topaic 10. Na meáin chumarsáide | Na meáin chraolta Ghaeilge<br>Na meáin chlóite Ghaeilge<br>Irisí Gaeilge ar líne |
| Topaic 11. An teicneolaíocht | Nuathéarmaíocht na Gaeilge |
| Topaic 13. An pholaitíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta | Buneolas ar stair na hÉireann<br>Buneolas ar leagan amach polaitiúil na tíre |

### *7. An siollabas gramadaí*

Tugtar thíos liosta de na pointí gramadaí ar cheart go mbeadh an foghlaimeoir in ann déileáil leo ag an leibhéal seo. Is cinnte go mbeidh pointí eile gramadaí a gcaithfear dul i ngleic leo de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn sna téacsanna a chuirtear faoi bhráid na bhfoghlaimeoirí. Beidh a lán de na pointí sa liosta thíos clúdaithe ag leibhéil eile ach, bíodh sin mar atá, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe den ghramadach ar bhonn rialta. Is mar threoir a thugtar an siollabas gramadaí seo. Moltar do mhúinteoirí an ghramadach a fhí isteach sa ghnáth-theagasc oiread agus is féidir é sin. Ní hinmholta dul tríd an siollabas gramadaí céim ar chéim.

Luaitear roinnt gnéithe den ghramadach sna topaicí éagsúla chomh maith, ach níltear ag maíomh go bhfuil nasc idir topaic faoi leith agus cibé pointí nó struchtúir ghramadaí atá luaite inti, mar shampla ‘fadhbanna sóisialta’ agus an tuiseal ginideach. Níl ann ach a léiriú mar is féidir stór focal a úsáid le rialacha gramadaí a léiriú, mar shampla ‘téarma’ + ‘príosúnacht’ = ‘téarma príosúnachta’.

---

**Téarmaíocht na gramadaí**
**Úsáid foclóirí/leabhair ghramadaí**
**An t-ainmfhocal**

- an t-alt uatha agus iolra móide ainmfhocal
- inscne an ainmfhocail
- lagiolra agus tréaniolra
- an t-ainmfhocal uatha agus iolra móide aidiacht
- ainmfhocail neamhrialta (ainmfhocail atá taobh amuigh de chóras na ndíochlaontaí, mar shampla *teach/tí/tithe*)
- an tuiseal gairmeach
- an tuiseal ginideach uatha (agus roinnt samplaí coitianta den ghinideach iolra)

**An briathar**

- na briathra rialta agus neamhrialta san aimsir láithreach, san aimsir ghnáthláithreach, san aimsir chaite, san aimsir fháistineach agus sa mhodh choinníollach
- an modh ordaitheach uatha agus iolra
- an chopail
- ceisteanna agus freagraí
- beagán eolais ar an mhodh fhoshuiteach agus ar an aimsir ghnáthchaite
- *ba ghnách*/*ba nós* + *le* leis an aimsir ghnáthchaite a chur in iúl
- an briathar saor, go háirithe san aimsir láithreach, san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach
- claoninsint
- foirmeacha spleácha agus neamhspleácha

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

**An aidiacht**

- an aidiacht san uimhir uatha agus san uimhir iolra
- céimeanna comparáide na haidiachta
- an aidiacht shealbhach
- an aidiacht bhriathartha
- na réimíreanna *an-, ró-, sean-, droch-* srl.

**An réamhfhocal**

- na réamhfhocail shimplí
- na réamhfhocail shimplí móide an t-alt (uatha agus iolra)
- na réamhfhocail chomhshuite

**An forainm**

- na forainmneacha pearsanta
- na forainmneacha réamhfhoclacha

**Na huimhreacha**

- na maoluimhreacha
- na bunuimhreacha + ainmfhocal
- na huimhreacha pearsanta
- na horduimhreacha agus dátaí

**Suíomh, gluaiseacht agus treo**

- staid/suíomh/gluaiseacht
- dobhriathra treo
- pointí na léarscáile

---

## *8. Na foghlaimeoirí agus an próiseas foghlama teanga*

Is maith atá a fhios ag múinteoirí nach ionann mar a éiríonn le gach foghlaimeoir agus é nó í i mbun teanga a fhoghlaim. Tá a lán rudaí ann a mbíonn tionchar acu ar rath na foghlama, mar shampla cúlra an fhoghlaimeora, pearsantacht, aois agus spreagadh.

Tá a fhios againn anois go bhfuil an-tábhacht ag baint leis an chaoi a dtéann an foghlaimeoir i mbun an phróisis foghlama. Dá mhéad machnamh a dhéanann siad fúthu féin mar fhoghlaimeoirí, faoi na laigí agus na buanna atá acu agus na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu, is amhlaidh is fearr a éireoidh leo agus iad i mbun teanga a fhoghlaim.

Ní féidir glacadh leis go mbíonn an machnamh seo ar siúl ag na foghlaimeoirí go léir ná fiú go dtuigeann siad an tábhacht atá lena leithéid de chur chuige. Mar sin de, tá sé de dhualgas ar an mhúinteoir na foghlaimeoirí a spreagadh agus a threorú chun eolas

a chur ar a stíl foghlama féin agus níos mó eolais a chur ar na cleasa a chabhraíonn leo dul chun cinn a dhéanamh san fhoghlaim.

Seo a leanas cuid de na rudaí ar cheart díriú orthu sa phróiseas teagaisc agus foghlama chun cabhrú leis na foghlaimeoirí lántairbhe a bhaint as a gcuid staidéir.

### *8.1 Straitéisí foghlama agus cumarsáide*

Beidh na foghlaimeoirí ag an leibhéal seo in ann iad féin a chur in iúl maidir le réimse leathan d'ábhair a bhaineann le gnáthchúrsaí an tsaoil agus beidh siad in ann réimse leathan téacsanna léitheoireachta agus éisteachta a láimhseáil. Mar sin féin, déanfaidh siad botúin agus tiocfaidh deacrachtaí chun cinn uaireanta le linn dóibh bheith ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh.

Cabhraíonn straitéisí cumarsáide leis na foghlaimeoirí a bheith níos éifeachtaí agus iad ag caint, mar go mbíonn siad ag pleanáil an mhéid atá siad chun a rá, ag coinneáil súil ar conas atá ag éirí leo agus ag glacadh céimeanna le rudaí a chur ina gceart nuair a thagann fadhbanna chun cinn. Cabhraíonn straitéisí cúitimh leo teacht slán nuair a bhíonn bearnaí ina gcuid eolais a chuirfeadh bac ar an chumarsáid.

Rachaidh sé chun sochair do na foghlaimeoirí neart deiseanna a bheith acu ar feadh an phróisis foghlama chun úsáid na straitéisí seo a fhorbairt agus cur chuige níos gníomhaí a ghlacadh maidir lena gcuid foghlama féin. Ba chóir do na múinteoirí iarracht leanúnach a dhéanamh leis na foghlaimeoirí a chur ar an eolas faoi conas an straitéis chuí a úsáid. Ní leor plé aon uaire sa seomra ranga. Caithfidh úsáid straitéisí a bheith ina dlúthpháirt leanúnach den teagasc agus ar cheann de na prionsabail ar a mbunaítear an cur chuige teagaisc ar fad. Ní hé go bhfuil straitéisí agus cleasa ar leith le teagasc do na foghlaimeoirí. Is é is tábhachtaí ná go gcabhrófaí leo na straitéisí maithe a mbaineann siad úsáid astu cheana a aithint agus straitéisí eile a chabhródh leo a fhorbairt de réir a chéile.

- Seo thíos *cuid de na straitéisí* ar cheart do na foghlaimeoirí leas a bhaint astu:

**Mar chainteoirí:**

- An méid atá le rá acu agus an chaoi a ndéarfaidh siad é a phleanáil.
- Bearnaí ina gcuid eolais a chúiteamh.

- Cabhair a lorg i dtaca le focal/frása/pointe faoi leith.
  *Cén Ghaeilge atá air...?*
  *Cad é an focal sin arís?*
  *Conas a deirtear…?*
- Úsáid a bhaint as focal/frása faoi leith le deis mhachnaimh a fháil.
  *…ó tá a fhios agat…*
  *…hmm……lig dom smaoineamh nóiméad…*
  *…cad é mar a déarfá…?*
- Parafrása a chur ar fáil nuair nach bhfuil an focal cuí acu.
  *Tá dath glas air agus tá sé cosúil le cóilis.*
  *Ainmhí beag atá ann.*

- Ceist a chur ar dhaoine ar thuig siad an méid atá ráite.
*An dtuigeann tú cad atá i gceist agam?*

- Súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo:

- Ceist a chur ar dhuine/dhaoine eile an bhfuil an méid a dúirt siad ceart.
- Botúin a dhéanann siad féin a thabhairt faoi deara agus a cheartú.
- Fadhbanna a bhíonn acu go rialta a thabhairt faoi deara agus iarracht a dhéanamh iad a cheartú.

**Mar éisteoirí**

- A chur in iúl nach dtuigeann siad rud éigin:
  *Tá brón orm. Níor thuig mé an focal sin.*
  *Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim é sin.*
  *Níor chuala mé an leagan sin cheana.*

- Soiléiriú a lorg:
  *Cén chiall atá le … go díreach?*
  *An féidir leat é sin a mhíniú dom, le do thoil?*

- Athrá a lorg:
  *Ar mhiste leat é sin a rá arís, le do thoil?*
  *An bhféadfá é sin a rá arís, le do thoil?*

- Deimhniú a lorg gur thuig siad i gceart pé rud a bhí i gceist:
  *An é an tríú lá is fiche a dúirt tú?*
  *An bhfuil tú ag rá gur fiche duine a bheidh i láthair ag an chruinniú?*

- Iarraidh ar dhuine labhairt níos moille:
  *Ar mhiste leat é sin a rá níos moille, le do thoil?*

- An comhthéacs a úsáid chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi bhrí focal/frásaí nach dtuigeann siad.

**Mar fhoghlaimeoirí go ginearálta**

- Eolas a chur ar a stíl foghlama féin. Cad iad na rudaí a chabhraíonn leo agus cad iad na rudaí a chuireann bac orthu? Cad iad na straitéisí a mbaineann siad úsáid astu?

- A gcuid staidéir a phleanáil. Laigí agus deacrachtaí a bhíonn acu a aithint agus díriú orthu sin.

- Pleanáil sula dtugann siad faoi thascanna.

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

- Súil a choinneáil ar conas atá ag éirí leo le linn dóibh a bheith ag gabháil do thasc ar leith agus don fhoghlaim go ginearálta.

**Le linn dóibh bheith ag obair ar théacs nó ar thasc**

- Athrá a dhéanamh os ard nó os íseal ar fhocail nó ar struchtúir.
- An úsáid chuí a bhaint as foclóirí, leabhair ghramadaí, liostaí téarmaíochta agus foinsí eile.
- Rangú agus ord a chur ar ábhair nua atá á bhfoghlaim acu.
- Nóta/achoimre a dhéanamh de na príomhphointí.
- Úsáid a bhaint as an eolas atá acu cheana le buille faoi thuairim a thabhairt faoi ábhair nua.
- Cabhair a lorg, mar shampla athrá/soiléiriú/comhairle/samplaí breise a lorg ón mhúinteoir nó ó dhaoine eile.
- Comhoibriú le foghlaimeoirí eile.

### *8.2 Feasacht teanga*

Baineann feasacht teanga leis an tuiscint atá ag na foghlaimeoirí ar an phróiseas foghlama teanga agus an machnamh a dhéanann siad ar an chaoi a bhfeidhmíonn an teanga.

Is cinnte go mbaineann na foghlaimeoirí leas agus tairbhe as an fheasacht teanga agus iad ag sealbhú na Gaeilge. Ba cheart na foghlaimeoirí a threorú agus a spreagadh chun go mbeidh siad fiosrach faoi na nithe seo a leanas:

- an chaoi a n-oibríonn an teanga
- na patrúin éagsúla atá le haimsiú laistigh den teanga
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus an Béarla
- na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an Ghaeilge agus teangacha eile atá ar eolas ag an fhoghlaimeoir

Ba chóir díriú ar ghnéithe éagsúla den fheasacht teanga ar bhonn leanúnach le linn an phróisis teagaisc. Is féidir úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha, idir théacsanna scríofa, théacsanna éisteachta agus téacsanna físe leis na foghlaimeoirí a spreagadh chun machnamh ar na hábhair seo. Is é aidhm an chur chuige seo cabhrú leis an phróiseas sealbhaithe teanga trí dheiseanna a chur ar fáil do na foghlaimeoirí bearnaí ina gcuid eolais féin a aithint, go háirithe sa labhairt agus sa scríobh.

Seo thíos ***roinnt samplaí*** de na nithe ar cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú orthu:

- Téarmaíocht na gramadaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh na foghlaimeoirí eolach ar théarmaí gramadaí na Gaeilge chun go mbeidh siad in ann labhairt faoin teanga agus chun go mbeidh siad in ann an úsáid cheart a bhaint as foclóirí agus áiseanna tagartha eile.

- Difríochtaí idir comhréir na Gaeilge agus comhréir an Bhéarla. Féach na samplaí thíos:

| | |
|---|---|
| I went to the shop. | Chuaigh mé go dtí an siopa. |
| The black book. | An leabhar dubh. |
| He has long black hair. | Tá gruaig fhada dhubh air. |

- Na bealaí éagsúla atá sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chun béim a chur ar fhocal faoi leith. Mar shampla:

| | |
|---|---|
| That's *my* drink. | Sin mo dheoch*sa*. |

(I gcás na Gaeilge, ní chuirtear aon bhéim faoi leith ar an fhocal *mo*, is í an iarmhír *sa* a fheidhmíonn mar threisitheoir.)

- Cúrsaí inscne na Gaeilge. Na difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Béarla sna samplaí thíos. Cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an Fhraincis nó teangacha eile atá ar eolas ag na foghlaimeoirí.

| | | |
|---|---|---|
| A big city | Cathair mhór | Une grande ville |
| A big book | Leabhar mór | Un grand livre |
| A big window | Fuinneog mhór | Une grande fenêtre |
| A big house | Teach mór | Une grande maison |

- Patrúin éagsúla i ngramadach na Gaeilge a aithint. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as téacsanna oiriúnacha agus a iarraidh ar fhoghlaimeoirí a n-aird a dhíriú ar phatrúin éagsúla a thagann chun cinn, mar shampla deirí éagsúla na n-ainmfhocal iolra, na hathruithe a tharlaíonn ag deireadh briathair san aimsir fháistineach, deirí éagsúla na n-ainmfhocal sa tuiseal ginideach.

- An úsáid a bhaineann cainteoirí dúchais as leaganacha Béarla trína gcuid Gaeilge. Cad iad na focail agus na nathanna cainte Béarla a mbaintear úsáid astu ar bhonn rialta? Cad iad na comhthéacsanna ina mbaintear úsáid astu? An mbaintear an úsáid chéanna as an Bhéarla sna canúintí go léir? D'fhéadfaí úsáid a bhaint as míreanna as cláir theilifíse, mar shampla *Ros na Rún*, chun aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an ghné seo den chódmhalartú.

- An cineál teanga a mbaintear úsáid aisti i gcomhthéacsanna difriúla. Mar shampla nuair a bhítear ag tabhairt orduithe do pháistí agus nuair a bhítear ag tabhairt orduithe do dhaoine fásta. An mbíonn aon difríochtaí sa chineál Gaeilge a úsáidtear i gcomhthéacsanna foirmeálta agus i gcomhthéacsanna neamhfhoirmeálta? An mar an gcéanna a bheannaítear do dhaoine, a chuirtear comhghairdeas agus comhbhrón in iúl sa Ghaeilge agus i dteangacha eile?

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

- Na canúintí. D’fhéadfaí cabhrú leis na foghlaimeoirí tuiscint níos fearr a fháil ar na difríochtaí idir na canúintí trína n-aird a dhíriú ar leaganacha canúnacha agus ar chúrsaí foghraíochta le linn dóibh a bheith ag obair ar mhíreanna éisteachta. Ba cheart a n-aird a dhíriú ar na focail a úsáidtear sna canúintí (*bord/tábla* nó *buachaill/garsún*), an áit a gcuirtear an bhéim san fhocal agus difríochtaí eile canúna.

- Cúrsaí foghraíochta. D’fhéadfaí aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar chuid de na príomhdhifríochtaí idir foghraíocht an Bhéarla agus foghraíocht na Gaeilge. Mar shampla go bhfuil beagnach dhá oiread consan sa Ghaeilge seachas mar atá sa Bhéarla (*dó/deo, gal/geal, paca/peaca*) agus araile.

***9. Téacsanna***

Ba cheart ag an leibhéal seo go dtabharfaí deiseanna don fhoghlaimeoir dul i ngleic le réimse leathan, ilghnéitheach téacsanna.

Moltar do mhúinteoirí ábhair dhílse a bhaineann le téamaí an tsiollabais seo, agus le téamaí eile is spéis leis na foghlaimeoirí, a chur faoi bhráid na bhfoghlaimeoirí le linn na gcúrsaí teagaisc. Bíonn sé deacair ag múinteoirí ábhair dhílse Ghaeilge a aimsiú atá oiriúnach dá gcuid ranganna. Sa chás sin, is féidir leo téacsanna dá gcuid féin a chumadh ach iad a bheith bunaithe ar ábhair dhílse a oiread agus is féidir, sin, nó téacsanna atá le fáil sna meáin Ghaeilge a chur in eagar agus in oiriúint dá bhfoghlaimeoirí féin.

Ba cheart deis a thabhairt d’fhoghlaimeoirí iad féin ábhair dhílse a aimsiú a bhaineann le téamaí an tsiollabais agus le réimsí a gcuireann siad féin spéis iontu.

Seo thíos roinnt ceisteanna le cur san áireamh agus téacsanna á roghnú ag an mhúinteoir.

1. An gcuirfidh na foghlaimeoirí spéis san ábhar? Má roghnaítear ábhar nach bhfuil aon chur amach ag foghlaimeoirí air ná spéis acu ann, tá an baol ann nach spreagfaidh sé chun foghlama iad.

2. An bhfuil ábhair an téacs as dáta nó an rachaidh sé as dáta go luath?

3. An bhfuil an téacs ag an leibhéal ceart ó thaobh deacrachta de? Fiú má cheapann an múinteoir go bhfuil an téacs ródheacair do roinnt foghlaimeoirí, is féidir tascanna a chumadh a fhreastalaíonn ar leibhéil éagsúla chumais. Ní mór go mbeadh dúshlán sa téacs agus sa tasc i gcónaí. Bíodh sin mar atá, má chuirtear ualach róthrom ar fhoghlaimeoirí, tá baol ann go gcaillfidh siad misneach.

4. An féidir tascanna spreagúla atá oiriúnach d'fhoghlaimeoirí éagsúla a bhunú ar an téacs?

### *9.1 Téacsanna éisteachta agus físe*

Seo a leanas samplaí de chineálacha téacsanna éisteachta agus físe a bhféadfadh an foghlaimeoir teacht orthu sa saol laethúil agus ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bheas ábhair dhílse á roghnú agus á n-ullmhú don seomra ranga.

| | |
|---|---|
| RTÉ Raidió na Gaeltachta<br>TG4<br>Raidió na Life / Raidió Fáilte<br>Cláir Ghaeilge ar stáisiúin eile | an nuacht<br>cláir chainte, cláir spóirt, cúrsaí reatha...<br>tráchtaireacht spóirt<br>réamhaisnéis na haimsire<br>scannáin<br>fógraíocht... |
| Comhráite<br>Comhráite gutháin<br>Léachtaí<br>Cruinnithe<br>Díospóireachtaí poiblí<br>Agallaimh phoist… | Siamsaíocht<br>drámaí<br>léamh filíochta<br>ceolchoirmeacha<br>dlúthdhioscaí<br>DVDanna... |

### *9.2 Téacsanna léitheoireachta*

Seo a leanas samplaí de chineálacha téacsanna a bhféadfadh an foghlaimeoir teacht orthu sa saol laethúil/oibre agus ar cheart iad a chur san áireamh nuair a bheidh ábhair dhílse á roghnú agus á n-ullmhú don seomra ranga.

| | | |
|---|---|---|
| Litreacha | Biachláir | Preasráitis |
| Cuirí | Bróisiúir | Leabhair |
| Foirmeacha | Bileoga eolais | Téacsleabhair |
| Ceistneoirí | Píosaí poiblíochta | Suímh idirlín |
| Teachtaireachtaí ríomhphoist | Liricí amhráin | Dialanna |
| | | Litríocht |

Irisí
Nuachtáin
→
Píosaí iriseoireachta
Gné-ailt
Ailt tuairimíochta
Oidis chócaireachta
Léirmheasanna
Réaltaí
Sceidil raidió agus teilifíse
Fógraí
Folúntais…

### *10. Tascanna*

Faoin mhúinteoir atá sé réimse tascanna a dhearadh atá oiriúnach do riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus an tsiollabais seo. Ba cheart go mbeadh ionchur éigin ag na foghlaimeoirí, más féidir, i roghnú na dtascanna.

Seo thíos roinnt ceisteanna le cur san áireamh agus na tascanna á gcruthú.

1. An bhfuil feidhm shoiléir leis an tasc?

2. An bhfuil an tasc réalaíoch agus ciallmhar?

3. An mbaintear úsáid as réimse leathan tascanna le linn na ranganna nó an mbíonn na cineálacha céanna tascanna in úsáid an t-am ar fad, mar shampla ceisteanna tuisceana?

4. An bhfreastalaíonn na tascanna ar an réimse cumais atá sa rang?

5. An dtugann roinnt de na tascanna saoirse d'fhoghlaimeoirí a léirmhíniú pearsanta féin a sholáthar chun gur féidir leo dul i ngleic leis an tasc ar a mbealach féin?

6. An mbaintear úsáid as tascanna le haird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar ghnéithe den fheasacht teanga?

7. An úsáidtear tascanna a thabharfaidh deis don mhúinteoir straitéisí cuí a léiriú agus a phlé leis na foghlaimeoirí?

8. An mbaintear úsáid as meascán de chineálacha éagsúla tascanna ina mbeidh an foghlaimeoir (a) ag obair ina (h)aonar, (b) ag obair i bpáirt le foghlaimeoir eile agus (c) ag obair i ngrúpa?

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

### ***11. Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2)***

Tá gach eolas faoi Scrúdú Mheánleibhéal 2 (B2) agus scrúduithe eile sa *Teastas Eorpach na Gaeilge* le fáil ag www.teg.ie

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

***Topaic 1: Sonraí pearsanta***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 1.1 | Ag lorg eolais faoin áit a bhfuil daoine ina gcónaí agus ag tabhairt an eolais sin. | Cá bhfuil cónaí ort?<br>Cá bhfuil tú ag baint fút/ag maireachtáil/ag cur fút?<br>Ar an gClochán, baile fearainn taobh le Baile an Róba.<br>I bparóiste Ghaoth Dobhair in iarthuaisceart Dhún na nGall.<br>Sna Clocha Liatha i gCill Mhantáin. |
| 1.2 | Ag cur daoine in aithne ag úsáid teideal ómóis (foirmeálta). | Ba mhaith liom an tOllamh Ó Cadhain a chur in aithne daoibh.<br>Ba mhaith liom an deis a ghlacadh an Dochtúir Ní Bhaoill a chur in bhur láthair.<br>Tugann sé an-sásamh dom cuireadh a thabhairt don Teachta Pól Ó Conchúir labhairt leis an chruinniú. |
| 1.3 | Ag labhairt faoi ainm duine. | Liam a thugtar air anseo.<br>X an leasainm atá air.<br>Baisteadh X mar leasainm uirthi. |
| 1.4 | Ag cur ceisteanna faoi litriú ainmneacha. | Cén chaoi a litríonn tú d'ainm?<br>Cad é an litir dheireanach de d'ainm?<br>An bhfuil síneadh fada ar an chéad *u*? |
| 1.5 | Ag lorg agus ag soláthar eolais faoi shonraí teagmhála. | Cén seoladh ríomhphoist atá agat?<br>A O I F E ag gmail ponc com<br>An bhfuil cuntas agat ar Instagram?<br>Cén uimhir bhaile atá agat?<br>An bhfuil uimhir faoi leith agat don obair? |
| 1.6 | Ag iarraidh ar dhuine cáipéis a shíniú. | Ar mhiste leat an fhoirm a shíniú ansin, le do thoil?<br>Tá do shíniú ag teastáil uaim ar an leathanach seo, le do thoil. |
| 1.7 | Ag cur ceiste faoi náisiúntacht agus ag freagairt na ceiste sin. | An Spáinneach tú?<br>Ní hea, is de bhunadh na Brasaíle mé ach tá mé i mo chónaí anseo le roinnt blianta anois. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Is saoránach de chuid na hÉireann mé anois.<br>An as An Iodáil duit?<br>Is ea. Is as Milan ó dhúchas mé ach tá cónaí orm sa Róimh anois.<br><br>As Corcaigh mo shin-seanathair ach d'aistrigh an teaghlach go Meiriceá nuair a bhí sé óg. |
| 1.8 | Ag fiafraí de dhaoine cén obair a dhéanann siad agus ag freagairt na ceiste sin. | Cén tslí bheatha atá agat?<br>Is tréidlia mé.<br>Feighlí linbh atá ionam. |
| 1.9 | Ag labhairt faoi do theaghlach féin agus teaghlach daoine eile. | Triúr againn atá sa chlann.<br>Páiste aonair atá inti/Ise an t-aon duine sa chlann.<br>Dílleachta atá ann – cailleadh a thuismitheoirí i dtaisme bhóthair.<br>Tá mo mháthair ar shlí na fírinne.<br>Rinne siad cailín beag a uchtú.<br>Tá buachaill óg ar altramas againn. |
| 1.10 | Ag rá cén creideamh lena mbaineann tú/nach mbaineann tú le pobal creidimh ar bith. | Is Caitliceach mé.<br>Giúdach atá ionam.<br>Is Protastúnach mé.<br>Is aindiachaí mé. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Téarmaíocht na gramadaí i nGaeilge | ainmfhocal, briathar, aidiacht, firinscneach, baininscneach, uatha, iolra, lagiolra, tréaniolra, réamhfhocal, réamhfhocal comhshuite, an tuiseal ainmneach, an tuiseal ginideach |
| Struchtúir chopaile éagsúla | Feighlí linbh atá ionam.<br>Is feighlí linbh mé.<br>Feighlí linbh is ea mé. |
| Cónaí | Tá mé i mo chónaí i nDoire.<br>Tá cónaí air sa Rinn.<br>Tá cónaí uirthi san Uaimh.<br>Tá sé ina chónaí ar an gCeathrú Rua.<br>Tá siad ina gcónaí sna Clocha Liatha |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Teidil ómóis agus an t-alt. | An tAthair Mac Gearailt<br>An Dochtúir Ní Bhaoill<br>An tEaspag Mac Diarmada |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí: |
|---|---|
| Ainmneacha agus sloinnte na hÉireann | Ó<br>Ní<br>Mac/Mag<br>Nic/Nig<br>de<br><br>*An Sloinnteoir agus an tAinmneoir,* Muiris Ó Droighneáin, eag. Micheál A. Ó Murchú, Coiscéim (2006)<br><br>'Ainmneacha pearsanta agus sloinnte Gaeilge' in *Cruinnscríobh na Gaeilge,* Ciarán Mac Murchaidh, Cois Life (2004)<br><br>www.sloinne.ie |
| An tuiseal gairmeach de na hainmneacha pearsanta | A Sheáin<br>A Shiobhán |
| An tuiseal ginideach d'ainmneacha agus de shloinnte | Saothar Sheáin Mhic Mhathúna<br>Úrscéalta Mháirtín Uí Chadhain<br>Filíocht Nuala Ní Dhomhnaill |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cineálacha áite/ceantair | Baile fearainn<br>Paróiste<br>Deoise<br>Príomhchathair |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Ainmneacha na gcontaetha (de réir mar is gá) | Contae na Gaillimhe<br>Contae Bhaile Átha Cliath<br>Contae an Dúin |
| Na cúigí | Cúige Uladh<br>Cúige Laighean<br>Cúige Mumhan<br>Cúige Chonnacht |
| Teidil ómóis | An Dochtúir Ní Bhaoill<br>An tOllamh Mac Gearailt<br>An tAthair Ó Catháin<br>An tEaspag Mac Lochlainn<br>An tSiúr Bríd<br>An Bráthair Ó Cróinín<br>An Comhairleoir Nic Mhaoláin<br>An Teachta Dála Brian Mac Dúill<br>An tAire Oideachais agus Eolaíochta<br>An tAire Gnóthaí Eachtracha |
| Náisiúntacht | Saoránacht<br>Saoránach/saoránaigh<br>Eachtrannach/eachtrannaigh<br>Strainséir/strainséirí<br><br>Is de bhunadh…é.<br>Iarrthóir tearmainn/iarrthóirí tearmainn<br>Dídeanaí/dídeanaithe<br>Imirceach/dul ar imirce<br>Inimirceach/inimirce |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Tíortha (de réir mar is gá) | An Eilvéis<br>An Bhrasaíl<br>An Airgintín<br>An tSualainn<br>An Rómáin<br>An Araib Shádach<br>An Iaráic<br>An Iaráin<br>An India<br>An Phacastáin<br>An Nua-Shéalainn<br>Meicsiceo<br>Meiriceá Lár<br>An Afraic Theas |
| Ainmneacha bailte in Éirinn agus thar lear (de réir mar is gá) | Dún Dealgán<br>Caisleán an Bharraigh<br>An Uaimh<br>Port Láirge<br>An Bhruiséil<br>Nua-Eabhrac<br>Londain<br>Glaschú<br>Dún Éideann<br>Páras<br>An Róimh |
| An teaghlach | Páiste aonair<br>Dílleachta<br>Páiste a uchtú<br>Páiste a thógáil ar altramas<br>Sin-seanathair<br>Sin-seanmháthair<br>Garnia<br>Garneacht<br>Sean-aintín<br>Seanuncail |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| Pobail chreidimh | Caitliceach/Caitlicigh<br>Protastúnach/Protastúnaigh<br>Anglacánach/Anglacánaigh<br>Preispitéireach/Preispitéirigh<br>Modhach/Modhaigh<br><br>Críostaí/Críostaithe<br>Giúdach/Giúdaigh<br>Hiondúch/Hiondúigh<br>Moslamach/ Moslamaigh<br>Búdaí/Búdaithe<br><br>Aindiachaí/Aindiachaithe |
| Slite beatha (Féach Topaic 5) | |

| Beidh na foghlaimeoirí ábalta … |
| --- |
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann cur síos orthu féin agus ar dhaoine eile, ainmneacha agus teidil ómóis a lua más gá, iad a litriú más gá, seoltaí agus uimhreacha gutháin a sholáthar chomh maith le seoltaí ríomhphoist, dáta agus áit bhreithe, aois, inscne, stádas pósta, creideamh (má bhaineann le hábhar) agus náisiúntacht. Beidh siad in ann cur síos ar bhaill an teaghlaigh agus cuntas a thabhairt ar an chineál oibre a dhéanann siad.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann aon ábhar léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuas a láimhseáil, mar shampla foirmeacha iarratais, suirbhéanna agus ailt.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríofa a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a chomhlíonadh go sásúil, mar shampla foirmeacha, suirbhéanna agus litreacha. |

***Topaic 2: Teach agus baile, ceantar cónaithe***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 2.1 | Ag labhairt faoi cheannach tí/árasáin. | Tá sé i gceist agam teach a cheannach amach anseo.<br>Labhair mé le gníomhaire eastáit le gairid maidir le teach a cheannach.<br>Caithfidh mé iarratas a chur isteach i gcomhair morgáiste. |
| 2.2 | Ag labhairt faoi phleananna atá agat. | Níl an dara rogha agam ach seomra a ligean ar cíos, tá an morgáiste an-chostasach.<br>Ba bhreá liom síneadh a chur leis an teach an bhliain seo chugainn.<br>Beidh orm an teach ar fad a athmhaisiú gan mhoill. |
| 2.3 | Ag cur tuairimí in iúl faoi rudaí atá le fáil i dteach/in árasán. | Is breá liom na hurláir adhmaid. Tá siad i bhfad níos folláine ná cairpéid.<br>Bíonn an grianán an-chompordach sa samhradh.<br>Tine gháis atá ann. B'fhearr go mór liom tine oscailte.<br>Tá radharc deas againn ar na sléibhte. |
| 2.4 | Ag déanamh cur síos ar áit. | Ceantar tuaithe atá ann. Tá sé timpeall fiche míle siar ó chathair na Gaillimhe.<br>Ceantar tionsclaíochta a bhí ann ach dúnadh a lán de na monarchana le blianta beaga anuas.<br>Tá sé iargúlta go maith. Tá an baile is cóngaraí deich míle uainn. |
| 2.5 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi áit. | An bhfuil mórán daoine ina gcónaí ansin?<br>Tá timpeall cúig mhíle de dhaonra ann.<br>Cén obair a dhéanann na daoine?<br>Tá eastát tionsclaíochta ar imeall an bhaile agus tá cuid mhaith de bhunadh na háite ag obair ansin.<br>An mbíonn sé deacair cead pleanála a fháil sa cheantar sin? |
| 2.6 | | Tá na háiseanna ar fad le fáil anseo. |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 2.7 | Ag labhairt faoi bheith i do chónaí i gceantar cathrach. | Tá neart bialann, amharclann agus dánlann ann.<br>Tá neart áiseanna sóisialta ann.<br>Tá a lán foirgnimh stairiúla ann le cuairt a thabhairt orthu.<br><br>Chuireadh an brú tráchta agus an torann as do dhaoine sular tógadh an bóthar nua. |
| | Ag labhairt faoi bheith i do chónaí i gceantar tuaithe. | Tá neart crann agus plandaí le feiceáil san fhoraois.<br>Tá siúlóidí deasa cois cósta ann.<br>Bíonn a lán ainmhithe agus éan le feiceáil.<br>Níl aon chóras iompar poiblí againn sa cheantar.<br>Bíonn ar dhaoine taisteal go dtí an chathair le dul ag obair.<br>Tá ceangal leathanbhanda ag teastáil go géar sa cheantar seo. |
| | Féach chomh maith Cúrsaí sóisialta agus dlí (Topaic 12). | |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An aimsir ghnáthchaite (go háirithe na briathra neamhrialta) | Bhíodh a lán daoine ag obair san eastát.<br>Thagadh neart turasóirí chun na háite. |
| *Ba ghnách + le* chun an aimsir ghnáthchaite a chur in iúl | Ba ghnách lena lán daoine a bheith ag obair san eastát.<br>Ba ghnách le neart turasóirí teacht chun na háite. |
| An réamhfhocal *ar* | Bíonn ar dhaoine an bus a fháil.<br>Tá slaghdán ar Shíle.<br>Beidh cruinniú ag an choiste ar ball. |
| An leagan ceart de na réamhfhocail chuí roimh ainmneacha áite leis an alt agus gan an t-alt | Tá teach acu in Inis agus chomh maith le teach saoire sa Daingean.<br>Is féidir taisteal go héasca go Droichead Nua agus go dtí na Solláin.<br>Chaith siad seal ina gcónaí in Albain agus i Sasana. |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí |
|---|---|
| Logainmneacha na hÉireann<br><br>Ba cheart aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar phríomh-logainmneacha na tíre agus logainmneacha a gceantar féin. | Áth<br>Béal<br>Carraig<br>Cill<br>Cluain<br>Gort<br>Inis<br>Lios<br>Muileann<br>Ráth<br><br>An Coimisiún Logainmneacha<br>www.logainm.ie |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Ag ceannach tí/árasáin | Morgáiste<br>Éarlais<br>Dleacht stampa<br>Gníomhaire eastáit<br>Ceant |

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| Ginearálta | Tionónta/tionóntaí<br>Áit a ligean (amach) ar cíos<br>Síneadh a chur le…<br>Teach a athmhaisiú |
| Rudaí a bhíonn le fáil i dteach/in árasán/i ngairdín | Cairpéad/cairpéid<br>Brat urláir/brait urláir<br>Urlár adhmaid<br>Balcóin<br>Cuirtín/cuirtíní<br>Tine oscailte<br>Tine gháis<br>Teasaire/téitheoir<br>Téitheoir leictreach<br>Páipéar balla<br>Póstaer/póstaeir<br>Teach gloine<br>Bothán<br>Grianán<br>Sconsa<br>Cabhsa<br>Léana<br>Lasc<br>Plocóid<br>Soicéad<br>Murlán<br>Buacaire<br>Matal<br>Teallach<br>Radaitheoir/radaitheoirí<br>Folúsghlantóir<br>Triomadóir |
| Cineálacha áite | Ceantar tuaithe<br>Ceantar cathrach<br>Ceantar talmhaíochta<br>Ceantar iascaireachta<br>Ceantar tionsclaíochta<br>Ceantar turasóireachta<br>Ceantar sléibhtiúil |
| Gnéithe geografacha | Portach<br>Ag baint móna |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | An cósta |
| | Canáil/canálacha |
| | Droichead/droichid |
| | Gleann/gleannta |
| | Cuan/cuanta |
| | Cé/céanna |
| | Port/poirt |
| | |
| Ainmhithe | Capall/capaill |
| | Asal/asail |
| | Bó/eallach |
| | Caora/caoirigh |
| | Uan/uain |
| | Muc/muca |
| | Gabhar/gabhair |
| | |
| | Coinín/coiníní |
| | Broc/broic |
| | Sionnach/sionnaigh (nó madra rua/madraí rua) |
| | Giorria/giorriacha |
| | |
| Éanlaith | Éan/éin |
| | Cearc/cearca |
| | Coileach/coiligh |
| | Sicín/sicíní |
| | Faoileán/faoileáin |
| | Spideog/spideoga |
| | Fáinleog/fáinleoga |
| | Préachán/préacháin |
| | Dreoilín/dreoilíní |
| | Lon dubh/lonta dubha |
| | Smólach /smólaigh |
| | |
| | Cuileog/cuileoga |
| Feithidí agus araile | Beach/beacha |
| | Ciaróg/ciaróga |
| | Damhán alla/damháin alla |
| | Féileacán/féileacáin |
| | Feithid/feithidí |
| | Dreancaid/dreancaidí |
| | |
| | Seilide/seilidí |
| | Luch/lucha (nó luchóg/luchóga) |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Francach/francaigh (nó luchóg mhór/luchóga móra) |
| Crainn | Crann darach<br>Crann feá<br>Crann leamhain<br>Crann caorthainn<br>Seiceamar |
| Bláthanna | Bláth/bláthanna<br>Duilleog/duilleoga<br>Rós/rósanna<br>Nóinín/nóiníní<br>Plúirín sneachta/plúiríní sneachta<br>Lus an chromchinn |

| ***Beidh na foghlaimeoirí ábalta …*** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann cur síos ar theach nó ar árasán agus na seomraí atá istigh iontu. Beidh siad in ann trácht ar bhaill troscáin, éadaí leapa agus ar mhaisiú tí; cur síos ar theach a cheannach, ar chostais, ar sheirbhísí agus ar shaoráidí; cur síos ar cheantar, ar an timpeallacht nádúrtha agus gnéithe geografacha; a leithéid de chur síos a lorg/a thuiscint ó dhaoine eile, tuairimí i dtaobh na gcúrsaí sin a mhalartú, a gcuid tuairimí féin a mhíniú agus a phlé le daoine eile.<br><br>***Léamh***<br>Tuigfidh na foghlaimeoirí aon chur síos ar na rudaí atá luaite thuas i réimse leathan ábhar léitheoireachta.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a chur i gcrích go sásúil. |

***Topaic 3: Daoine eile***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 3.1 | Ag rá cén aithne atá agat ar dhuine. | Tá aithne mhaith agam ar Phádraig.<br>Bhíomar in aon rang le chéile sa mheánscoil.<br>Níor casadh Seán orm go dtí le déanaí.<br>Táim an-mhór le Bríd, is dlúthchairde muid le blianta. |
| 3.2 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi aois. | Cén aois atá ag Pól?/Cén aois é Pól?<br>Níl mé cinnte. Tá sé sna déaga anois, is dócha.<br>Fear meánaosta atá ann. |
| 3.3 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chaidreamh. | Cá fhad atá sibh ag súil amach le chéile anois?<br>Dhá bhliain nó mar sin.<br>An bhfuil sí i ngrá le Brian?<br>Táimid go mór i ngrá le chéile.<br>Chuir sé ceiliúr pósta orm oíche Fhéile Vailintín.<br>Scar mé féin agus mo pháirtí cúpla seachtain ó shin. Bhíomar ag argóint de shíor.<br>Tá sé ar intinn againn pósadh an bhliain seo chugainn.<br>An réitíonn tú go maith lena thuismitheoirí?<br>Réitíonn. Tá siad an-lách. |
| 3.4 | Ag cur grá nó cion in iúl. | A stór/a stóirín.<br>A thaisce.<br>A rún.<br>A ghrá geal mo chroí.<br>A mhuirnín. |
| 3.5 | Ag rá cén chaoi ar chuir rud éigin isteach ort. | Bhí mé croíbhriste nuair a scaramar.<br>Bhí mé an-trína chéile nuair a d'fhág Bríd.<br>Tá mé in ísle brí ó scar mé féin agus Pádraig/ó thit mé amach le Máire. |
| 3.6 | Ag rá cén fáth a dtaitníonn duine leat. | Is breá liom í, tá sí gealgháireach suairc.<br>Tá pearsantacht an-láidir aige. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Tá Pól an-bharrúil, bím sna trithí gáire nuair a bhíonn sé ag insint scéalta grinn. |
| 3.7 | Ag rá cén fáth nach dtaitníonn duine leat. | Cuireann sé isteach orm mar is minic a bhíonn sé sotalach agus borb.<br>Tá Áine i bhfad ródháiríre.<br>Cuireann Máire isteach go mór orm mar ní bhíonn sí riamh in am! |
| 3.8 | Ag tabhairt eolais faoin chuma atá ar dhuine. | Fear ard atá ann; tá sé beagnach sé troithe ar airde.<br>Tá sé ard, caol agus tá croiméal air.<br>Tá sé measartha téagartha.<br>Chaill sé meáchan le tamall.<br>Chuir sé suas meáchan ó chonaic mé go deireanach é. |
| 3.9 | Ag déanamh comhghairdeas le duine. | Bhí lúcháir orm an dea-scéala a chloisteáil.<br>Déanaim comhghairdeas ó chroí leat.<br>Go maire sibh bhur nuacht. |
| 3.10 | Ag déanamh comhbhrón le duine. | Tá brón orm é sin a chloisteáil.<br>Bhí brón orm a chloisteáil go…<br>Ní maith liom do thrioblóid.<br>Ní maith liom do bhris. |

| Gramadach | Samplaí |
| --- | --- |
| Ainmfhocail le foirm iolra ar leith san ainmneach i ndiaidh orduimhreacha | Troigh<br>Dhá throigh<br>3-6 troithe<br>7-9 dtroithe<br><br>Féach chomh maith:<br>pingin/orlach/bliain/ceann/cloigeann/<br>seachtain/uair |
| An modh foshuiteach (chun guí a chur in iúl) | Go maire tú do nuacht.<br>Go dté tú slán.<br>Go maithe Dia dom é. |
| Focail cheana (gan infhilleadh) | A stór<br>A rún |

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| Caidreamh le daoine eile | Tá aithne mhaith agam ar…<br>Dlúthchara/dlúthchairde<br>A bheith mór le duine<br>A bheith ag siúl amach le duine<br><br>Páirtí<br>Leannán<br>Cion/gean a bheith agat ar dhuine<br>Grá a bheith agat do dhuine<br><br>Bheith i ngrá le…<br>Titim i ngrá le…<br>Ceiliúr pósta<br>Ceiliúr pósta a chur ar…<br>Leispiach<br>Homaighnéasach<br>Aerach<br>Caidreamh collaí a bheith agat le duine |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| | A stór/a stóirín<br>A thaisce<br>A mhuirnín<br>A ghrá geal<br>A rún<br><br>Duine…<br>Dícheallach<br>Ardaidhmeannach<br>Dáiríre<br>Mí-ionraic<br>Sotalach<br>Giorraisc<br>Borb |
| Pearsantacht | Múinte (nó béasach)<br>Leadránach<br>Santach<br>Fiosrach<br>Deisbhéalach<br>Searbhasach<br>Tionscantach<br>Amaideach<br>Gealgháireach<br>Ceanndána<br>Deaslámhach<br>Ciotach<br>Fuinniúil<br>Duine a bhfuil féith an ghrinn ann/inti<br>Duine a bhfuil pearsantacht láidir aige/aici<br>Duine duairc<br>Duine suairc |
| Aois duine | Sna déaga<br>Déagóir/déagóirí<br>Meánaosta<br>Sean (nó aosta)<br>Anonn go maith sna blianta |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cuma | Caol<br>Maol<br>Trom<br>Tá croiméal air<br>Téagartha<br>Tá sé beagnach…<br>Sé troithe ar airde<br>Dhá mhéadar ar airde<br>Níl sé ach deich gcloch meáchain. |

| Beidh na foghlaimeoirí ábalta … |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann trácht ar chaidreamh pearsanta. Beidh siad in ann cur síos ar chuma agus ar phearsantacht daoine eile agus plé a dhéanamh orthu. Beidh siad in ann a leithéid d'eolas a lorg ó dhaoine eile agus an t-eolas sin a thuiscint agus a phlé. Beidh siad in ann comhghairdeas agus comhbhrón a dhéanamh ar shlí a n-oireann don chomhthéacs, agus freagra oiriúnach a thabhairt nuair a dhéantar comhghairdeas/comhbhrón leo féin.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil.<br><br>***Scríobh***<br>Ba cheart go mbeadh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair seo a chur i gcrích go sásúil. |

***Topaic 4: Am saor agus caitheamh aimsire***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 4.1 | Ag léiriú suime. | Is breá liom an tOireachtas. Bím ann gach bliain, is cuma cá mbíonn sé ar siúl.<br>Taitníonn péintéirí de chuid an naoú haois déag go mór liom.<br>Tá an leabhar nua le John Banville thar a bheith maith. Tá an príomhcharachtar agus an plota an-neamhghnách, dar liom. |
| 4.2 | Ag rá go bhfuil duine an-tógtha le rud. | Tá Tomás an-tógtha le damhsa nua-aimseartha, téann sé anonn go Londain chuig ranganna go rialta.<br>Tá an-suim go deo aici i gcúrsaí ealaíne, go háirithe sa dealbhóireacht. |
| 4.3 | Ag déanamh cur síos ar ócáid ar fhreastail tú uirthi. | Chonaic mé an seó nua atá ag an fhear grinn Tommy Tiernan i mBaile Átha Cliath le déanaí. Thaitin an chuid is mó de na scéalta grinn liom ach shíl Pól go raibh cuid acu rógháirsiúil.<br><br>Bhí mé i láthair ag seoladh leabhar nua Áine Ní Ghlinn aréir. Cnuasach filíochta dátheangach atá ann. |
| 4.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais. | An é sin an t-aisteoir a raibh an phríomhpháirt aige sa dráma?<br>Is é.<br>Ní dóigh liom é, measaim go bhfuil an fear thall níos sine.<br><br>Léigh tusa an leabhar nua le Anne Enright, nár léigh? Cad a shíl tú de?<br>Léigh mé ansin le gairid é. Bhí an chéad chúpla caibidil ceart go leor ach d’éirigh sé saghas leadránach ina dhiaidh sin. |
| 4.5 | Ag moladh rud éigin a dhéanamh agus a leithéid de mholadh a fhreagairt. | An mbeadh fonn ort dul chuig an chluiche i bPáirc an Chrócaigh ag an deireadh seachtaine? |

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| | | Níl a fhios agam. Bheadh sé an-deacair ticéid a fháil anois agus, ar aon nós, beidh na buaicphointí ar an teilifís.<br><br>Cad faoi dul chuig taispeántas Monet sa Dánlann Náisiúnta?<br>Sin smaoineamh maith. Níl a fhios agam cén uair a chríochnaíonn sé?<br>Ag deireadh na míosa, sílim. |
| 4.6 | Ag tagairt d'fhéilte faoi leith. | Tá cóisir mhór ar siúl i dteach Mháire Oíche Shamhna.<br>Tá siúlóid eagraithe ag an Choiste Pobail le haghaidh Lá Caille. |
| 4.7 | Ag spreagadh duine eile chun aontú leat. | Nach bhfuil an ceol seo go hiontach?<br>Bhí an cluiche sin thar cionn, nach raibh? |
| 4.8 | Ag spreagadh duine eile chun easaontú leat. | Cinnte, níor thaitin an cheolchoirm sin leat?<br>Ní féidir gur thaitin an leabhar sin leat!<br>Ná habair go dtéann tú ar saoire san áit sin! |
| 4.9 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí spóirt. | Bhí cluiche maith ag na cúlaithe.<br>Theip orthu dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile.<br>Comhscór a bhí ann ag leath ama.<br>Tá foireann mhaith ag mionúir an chontae i mbliana.<br>Bhí an bua ag fear Chill Chainnigh. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An t-ainmfhocal agus an t-alt | An t-aisteoir<br>An tOireachtas<br>An seó<br>An tsraith<br>An fhilíocht<br>An chóisir<br>An cluiche |
| An t-ainmfhocal iolra (lag agus tréaniolra) | Na péintéirí<br>Na scéalta<br>Na cúlaithe<br>Na hamhráin<br>Na pictiúrlanna |
| An t-ainmfhocal agus an aidiacht | Leabhar nua<br>Seó breá<br>Léine ghorm<br>Cóisir mhór<br>Foireann mhaith<br>Scéalta deasa<br>Cluichí leadránacha |

| Cultúr na hÉireann | Tagairtí/samplaí |
|---|---|
| Eolas ar na féilte agus na nósanna a bhain nó a bhaineann leo. | Oíche Chaille/Oíche Chinn Bhliana<br>Lá Caille<br>Lá Fhéile Bríde<br>Lá Fhéile Pádraig<br>Máirt Inide<br>Céadaoin an Luaithrigh<br>Aoine an Chéasta<br>Domhnach Cásca<br>Oíche Fhéile Eoin<br>Oíche Shamhna<br>Oíche Nollag<br>Lá Nollag<br>Lá an Dreoilín |

| | |
|---|---|
| Eolas ar an amhránaíocht, an damhsa agus an ceol Gaelach. | Ceol ar an sean-nós<br>Damhsa ar an sean-nós<br>Damhsa céilí<br>Damhsa seite<br>Na gléasanna ceoil |
| Féilte Gaelacha | An tOireachtas<br>www.antoireachtas.ie<br>Fleadh Cheoil na hÉireann<br>www.comhaltas.com |
| Na cluichí Gaelacha | Peil<br>Iománaíocht<br>Camógaíocht<br>Na comórtais<br><br>Cumann Lúthchleas Gael www.gaa.ie |
| Litríocht na Gaeilge<br>(Na mórscríbhneoirí, dánta, drámaí, gearrscéalta, úrscéalta) | Tá eolas faoi scríbhneoirí na Gaeilge le fáil ar portraidi.ie/ga/, www.ainm.ie |
| Gnéithe de bhéaloideas na hÉireann | www.duchas.ie |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Caitheamh aimsire (ginearálta) | Fear grinn (bean ghrinn)<br>Fuirseoir (banfhuirseoir)<br>Damhsóir/damhsóirí<br>Ealaíontóir/ealaíontóirí<br>Aisteoir/aisteoirí<br>Péintéir/péintéirí<br>Dealbhóir/dealbhóirí<br>Dearthóir/dearthóirí<br>Grianghrafadóir/grianghrafadóirí<br>Ceoldráma<br>Ceolfhoireann<br>Bailé<br>Damhsa seit<br>Péintéireacht<br>Dealbhóireacht<br>Grianghrafadóireacht |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| | Iarsmalann<br>Dánlann<br>Taispeántas<br>Turas treoraithe<br>Ealaín<br>Léiriú |
| | Taispeántas ealaíne<br>Cúrsaí ealaíne<br>Oscailt oifigiúil<br>Ticéid a chur in áirithe |
| Briathra | Ag cócaireacht<br>Ag péintéireacht<br>Ag potaireacht<br>Ag imirt cártaí<br>Ag imirt fichille<br>Ag imirt cluichí ríomhaireachta<br>Ag cniotáil |
| Cineálacha spóirt | Rothaíocht<br>Lúthchleasaíocht<br>Gleacaíocht<br>Scuais<br>Iomrascáil |
| Cúrsaí spóirt | Cúl<br>Cúilín (pointe)<br>Cúl báire<br>Cúlaí/cúlaithe<br>Tosaí/tosaithe<br>Fear/fir lár páirce (nó bean/mná lár páirce)<br>Cic pionóis<br>Cic saor<br>Calaois<br>Cluiche cáilíochta<br>Cluiche leathcheannais<br>Cluiche ceannais |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Dul ar aghaidh go dtí an chéad bhabhta eile<br>Leath ama<br>Comhscór<br>Toradh maith<br>Drochthoradh<br>Curaidh/seaimpíní (an chontae/an chúige/na hÉireann)<br>Na Cluichí Oilimpeacha<br>Sraith na hÉireann<br>Na mionúir (foireann na mionúr)<br>Na sinsir (foireann na sinsear)<br>Geallghlacadóir (geall a chur ar…)<br>Tráchtaire spóirt<br>An tráchtaireacht<br>Craoladh beo<br>Buaiteoirí<br>Na buaicphointí<br>Lucht tacaíochta<br>Lucht leanúna |
| Cúrsaí leabhar agus léitheoireachta | Seoladh leabhair<br>Teideal<br>Clúdach bog<br>Clúdach crua<br>Foilsitheoir<br>Eagarthóireacht<br>Caibidil<br>Plota (téama/ábhar)<br>Na carachtair<br>An príomhcharachtar |
| Ócáidí | Oíche Chinn Bhliana<br>Lá Caille<br>Samhain<br>Lá Fhéile Stiofáin<br>Oíche Fhéile Eoin<br>Oíche Nollag<br>Lá Fhéile Vailintín<br>Lá saoire bainc |

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann cur síos ar na huaireanta a bhíonn am saor acu agus ar na rudaí a dhéanann siad lena linn, ag trácht go háirithe ar chaitheamh aimsire agus imeachtaí a bhfuil spéis acu iontu: siamsaíocht, cineálacha spóirt, léitheoireacht agus araile. Beidh siad in ann a leithéid d'eolas a lorg ó dhaoine eile agus an t-eolas sin a thuiscint, tuairimí i dtaobh na gcúrsaí sin a mhalartú agus na rudaí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo féin a phlé agus a mhíniú. Beidh siad in ann cur síos ar eachtraí agus ar eispéiris, mar shampla cuntas a thabhairt ar chluiche, ar ábhair léitheoireachta agus ar ábhair chraolta.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann aon téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ábhair phoiblíochta agus léirmheasanna ar leabhair, scannáin, dlúthdhioscaí, drámaí agus araile; cuirí chuig ócáidí faoi leith, mar shampla seoladh leabhair nó dlúthdhiosca.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe freagraí a thabhairt ar chuirí agus léirmheasanna a scríobh ar leabhar, ar scannán, ar dhráma agus mar sin de. |

***Topaic 5: Cúrsaí oibre agus fostaíochta***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 5.1 | Cur síos a dhéanamh ar chruthú/chaillteanas fostaíochta. | Tá an comhlacht Meiriceánach Radius le céad post nua a chruthú sa Daingean.<br>Cailleadh leathchéad post ar eastát tionsclaíochta Ghaoth Dobhair an tseachtain seo.<br>Tá monarcha nua le tógáil sa Rinn. |
| 5.2 | Ag fiafraí de dhaoine cén post atá acu agus ag freagairt na ceiste sin. | Cén post atá agat?<br>Is státseirbhíseach mé sa Roinn Airgeadais.<br>Tá mé ag obair mar ríomhchláraitheoir le comhlacht Seapánach.<br>Bím ag obair le daoine faoi mhíchumas san Ionad Sláinte.<br>Tá mé i gceannas ar an rannóg airgeadais sa chomhlacht. |
| 5.3 | Ag tabhairt eolais faoi dhálaí oibre. | Tá an t-íosphá á íoc linn faoi láthair ach tá an ceardchumann ag lorg ardú pá dúinn.<br>Tá athnuachan le déanamh ar mo chonradh an mhí seo chugainn.<br>Oibrím na gnáthuaireanta oifige, óna naoi go dtí a cúig. |
| 5.4 | Ag léiriú spéise/easpa spéise. | Bheadh spéis agam i bpost bainistíochta.<br>Ní bheadh aon spéis agam i bpost riaracháin.<br>B’fhearr liom a bheith ag obair le daoine eile ná a bheith ag obair i m’aonar. |
| 5.5 | Ag lorg agus ag tabhairt comhairle. | An molfá dom cur isteach ar an phost sin?<br>Sílim gur post iontach a bheadh ann duit.<br>Measaim go mbeadh sé an-fheiliúnach duit.<br>Measaim gur cheart duit ardú pá a lorg.<br>Mholfainn duit an fhadhb a phlé leis an stiúrthóir. |
| 5.6 | Ag labhairt faoi phleananna atá agat. | Tá sé i gceist agam sos gairme a thógáil an bhliain seo chugainn.<br>Beidh mé ar shaoire mháithreachais ag tús na bliana seo chugainn. |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Tá sé ar intinn agam ardú céime a lorg. |
| 5.7 | Ag léiriú fiosrachta. | Níl a fhios agam cé a fuair an post.<br>An bhfaighimid bónas ag an Nollaig, meas tú?<br>An dóigh leat gurb í Máire a cheapfar ina stiúrthóir? |
| 5.8 | Ag léiriú iontais. | Nach aisteach go bhfuair Pól an post sin. Is post sinsearach é agus níl mórán taithí aige.<br>Nach gcuireann sé ionadh ort go bhfuil Máire ag éirí as? Níl sí anseo ach le cúpla mí.<br>Tá ionadh an domhain orm. B'fhéidir go raibh easaontas idir í féin agus Peadar.<br>Chuala mé ráfla nach bhfuil sí róshásta anseo. |
| 5.9 | Ag tabhairt treoracha (sa láthair oibre). | Cuir an beart seo sa phost, le do thoil.<br>Ar mhiste leat teachtaireacht ríomhphoist a chur chuig Bríd?<br>Cuir an gléas freagartha ar siúl agus tú ag imeacht, le do thoil.<br>An bhféadfá cruinniú a shocrú le Pól Ó Dúill don Luan seo chugainn, le do thoil?<br>An bhféadfá an litir seo a chlárú agus a chur sa phost, le do thoil? |
| 5.10 | Ag labhairt faoi chúrsaí fostaíochta go ginearálta. | Ligeadh caoga oibrí chun bealaigh i bPort Láirge.<br>Tá aighneas tionsclaíoch ar siúl san aerfort faoi láthair.<br>Dúirt an comhlacht nach ndéanfaí na conarthaí a athnuachan. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An briathar saor (san aimsir chaite, san aimsir láithreach agus san aimsir fháistineach, go háirithe) | Cailleadh<br>Cuirtear<br>Osclófar |
| An modh coinníollach | Bheadh/ní bheadh<br>Dúirt sé go mbeadh/nach mbeadh<br>An molfá dom…? |
| An chopail móide claoninsint (aimsir láithreach agus aimsir chaite) | Deir Seán gur múinteoir é.<br>Deir Seán gur ailtire é.<br>Deir Seán gurb é Pól is fearr sa rang.<br>Deir Úna gur uirthi féin atá an locht.<br>Deir Seán gurb álainn an áit é.<br><br>Dúirt Seán gur mhúinteoir é.<br>Dúirt Seán gurbh ailtire é.<br>Dúirt Seán gurbh é Pól ab fhearr sa rang.<br>Dúirt Úna gurbh uirthi féin a bhí an locht.<br>Dúirt Seán gurbh álainn an áit í. |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí |
|---|---|
| Fostaíocht sa Ghaeltacht | Údarás na Gaeltachta [www.udaras.ie](http://www.udaras.ie) |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Slite beatha (de réir mar is gá) | Tréidlia<br>Gníomhaire taistil<br>Gníomhaire eastáit<br>Radharceolaí<br>Maor tráchta<br>Bearbóir<br>Máinlia<br>Siúinéir<br>Státseirbhíseach<br>Feirmeoir<br>Oibrí riaracháin<br>Bean tí<br>Fear tí<br>Píolóta<br>Ríomhchláraitheoir<br>Eolaí<br>Oibrí sóisialta<br>Saighdiúir<br>Abhcóide<br>Feighlí<br>Feighlí linbh<br>Feidhmeannach |
| Ginearálta | Comhlacht (cuideachta)<br>Bord bainistíochta an chomhlachta<br>Stiúrthóir an chomhlachta<br>Fostaíocht a chur ar fáil/a chruthú<br>Poist le cruthú<br>Poist le cailleadh<br>Pacáiste iomarcaíochta<br>Fostóir/fostóirí<br>Fostaí/fostaithe<br>Duine a bhriseadh as a phost<br>Fostaithe a ligean chun bealaigh |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Bata agus bóthar a thabhairt do… (neamhfhoirmeálta)<br><br>Sos gairme<br>Saoire mháithreachais<br>Ar stailc<br>Aighneas tionsclaíoch<br><br>Íocaíochtaí leasa shóisialaigh<br>Liúntas/liúntais<br>Ráta cánach<br>Gnáthuaireanta oibre<br>Conradh a athnuachan<br>An meánphá<br>An t-íosphá<br>An t-uasphá |
| An foclóir a bhaineann le hagallaimh agus le hiarratais ar phost. | Folúntas<br>Iarratas<br>Bord agallaimh<br>Taithí<br>Cumas<br>Scileanna<br>Oibriú mar pháirt d'fhoireann<br>Oibriú as do stuaim féin<br>Spriocdháta<br>Teistiméireacht<br>Moltóirí<br>Cáilíochtaí riachtanacha<br>Cáilíochtaí inmhianaithe<br>Pearsantacht thaitneamhach<br>An bainisteoir pearsanra |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann a rá cén post atá acu, cur síos ar an obair a dhéanann siad ó lá go lá, na dálaí oibre atá acu (pá, uaireanta oibre, laethanta saoire, cúrsaí earcaíochta agus araile). Beidh siad ábalta labhairt faoi na pleananna atá acu ó thaobh a gcuid oibre féin de agus labhairt faoi chúrsaí fostaíochta go ginearálta. Beidh siad in ann a leithéid d’eolas a lorg ó dhaoine eile agus an t-eolas sin a thuiscint agus a phlé.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe:<br>• Fógraí poist<br>• Dálaí fostaíochta<br>• Eolas faoi chúraimí poist<br>Ailt nuachta agus gné-ailt faoin saol oibre, faoi chúrsaí oibre agus araile.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe:<br>• Litreacha iarratais<br>• Cuntas ar a bpost féin/pleananna atá acu.<br><br>Maidir le cur isteach ar phost, beidh na foghlaimeoirí a bhfuil an leibhéal seo bainte amach acu in ann:<br><br>• Freastal ar agallamh agus eolas a sholáthar faoina gcúlra, na cáilíochtaí agus an taithí oibre atá acu chomh maith le ceisteanna faoi na hábhair chéanna a thuiscint agus a fhreagairt.<br>• Gnáthdhálaí oibre a thuiscint.<br>• Caithfear go mbeidh an teanga a mbainfear úsáid aisti san agallamh measartha intuartha agus caighdeánach. Beidh na foghlaimeoirí in ann a gcuid tuairimí a chur in iúl, ach gach seans nach mbeidh siad in ann argóintí casta a thuiscint ná a fhorbairt.<br><br>Maidir le cumas daoine feidhmiú trí mheán na Gaeilge sa láthair oibre, féach an cuntas ar na scileanna éagsúla (lch 6–8). |

***Topaic 6: Bia, deoch agus cúrsaí sláinte***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 6.1 | Ag rá cad iad na drochnósanna atá agat. | Caithfidh mé a admháil go n-ithim an iomarca feola agus rudaí milse.<br>Is dócha go n-ólaim an iomarca piontaí anois agus arís.<br>Níl mé róthógtha le glasraí ná torthaí. |
| 6.2 | Ag déanamh cur síos ar na rudaí a moladh duit a dhéanamh. | Mhol an dochtúir dom níos mó glasraí a ithe, cóilis agus spionáiste agus a leithéidí. Tá siad sin go maith don tsláinte.<br>Caithfidh mé gearradh siar ar na deochanna meisciúla, go háirithe an fíon dearg.<br>Dúirt an dochtúir liom dul ar aiste bia, tá an colaistéaról ró-ard, is cosúil. |
| 6.3 | Ag cur comhairle ar dhuine. | B'fhiú go mór duit gearradh siar ar an fheoil dhearg agus tuilleadh glasraí a ithe.<br>D'fhéadfá triail a bhaint as luibheanna agus sinséar in áit salainn.<br>Glac rudaí go réidh. Tá an iomarca brú ort faoi láthair.<br>Ba cheart duit triail a bhaint as an oideas seo do stobhach. Tá sé an-bhlasta ar fad. |
| 6.4 | Ag labhairt faoi chócaireacht. | Ní bhíonn an t-am agam béile a réiteach dom féin gach tráthnóna.<br>Tá cúpla oideas agam agus bainim úsáid astu go rialta.<br>Is breá leis na páistí na comhábhair a mheascadh nuair a bhím ag cócaireacht. |
| 6.5 | Ag tabhairt rabhadh do dhuine. | Bí cúramach, tá cnónna san anlann sin.<br>Bí cúramach, tá cnámha beaga san iasc sin.<br>B'fhéidir go bhfuil an tae sin róthe.<br>Tá brón orm, ach ní féidir liom cruithneacht a ithe. |
| 6.6 | Ag déanamh plé ar bhia agus ar bhéilí. | Ar bhain tú triail as an bhialann nua sin a d'oscail le gairid?<br>Níor bhain. Chuala mé go bhfuil sí an-chostasach agus go bhfuil an tseirbhís |

| | | |
|---|---|---|
| | | an-mhall ar fad. Is fearr liom féin an *Bistro*. Bíonn an caighdeán an-ard ann i gcónaí.<br><br>Bhí orainn fanacht fiche nóiméad le haghaidh boird, cé go raibh áit curtha in áirithe againn.<br><br>Cheap mé go raibh sé an-réasúnta. Ní raibh sé ach ochtó euro do bheirt, an fíon agus an tseirbhís san áireamh.<br>Nach bhfuil sé aisteach nach raibh siad sásta glacadh le cárta creidmheasa?<br><br>Bhí an freastalaí an-deas nuair a rinne Pól gearán faoi na glasraí. Fuaireamar lascaine agus gloine fíona saor in aisce. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An t-ainm briathartha le cuspóir | Na comhábhair a mheascadh<br>Ní féidir liom cnónna a ithe.<br>Dúirt mé léi gan sin a dhéanamh.<br>Bia orgánach a cheannach.<br>Glasraí a ullmhú. |
| Na réamhfhocail *do, de, faoi, mar, ó, roimh, trí, um* roimh chonsain | Mhol sé do Mháire stad den ghearán.<br>Thit an pláta de thimpiste.<br>Bhí sé ag caint faoi bhia orgánach.<br>Tá sé ag obair mar fhreastalaí.<br>Theastaigh comhairle ó Thomás.<br>Tá sé ag gearradh siar ar an fhíon.<br>Beidh mé aclaí roimh dheireadh na bliana.<br>Chuaigh an teach trí thine.<br>Beidh mé anseo um Cháisc. |

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| Cineálacha éisc | Tuinnín<br>Cadóg (cadóg dheataithe)<br>Scadán<br>Leathóg<br>Sól<br>Trosc<br>Breac<br>Faoitín<br>Portán<br>Gliomach<br>Oisre/oisrí |
| Cineálacha feola | Caoireoil<br>Laofheoil<br>Ae<br>Putóg bhán/dhubh<br>Stobhach mairteola |
| Glasraí | Cóilis<br>Ubhthoradh<br>Cúcamar<br>Cúirséad<br>Spionáiste<br>Biabhóg<br>Arbhar milis |
| Torthaí | Seadóg<br>Anann<br>Caora fíniúna<br>Sú talún<br>Sú craobh<br>Sméara dubha |
| Bia agus deoch - ginearálta | Bia orgánach<br>Bia úr<br>Bia réamhdhéanta<br>Bia gasta<br>Aiste bia |

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| | Deochanna meisciúla<br>Deochanna neamh-mheisciúla<br><br>Mustard<br>Ola chócaireachta<br>Subh<br>Mil<br>Sinséar<br>Rísín/rísíní<br><br>Biabhóg<br>Luibheanna<br><br>Pancóg/pancóga<br>Toirtín aráin<br>Plúr<br><br>Geireach<br>Sailleach |
| An chócaireacht | Oideas<br>Na comhábhair a mheascadh.<br>An craiceann a bhaint de na prátaí.<br>Dhá leath a dhéanamh den chumasc.<br>Na glasraí a ghearradh ina slisíní. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann trácht ar chineálacha éagsúla bia agus dí, na bianna agus deochanna sin a ordú, agus eolas agus tuairimí a mhalartú i dtaobh cúrsaí bia, dí, sláinte, bialanna, tithe tábhairne agus araile. Beidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi na hábhair sin agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair agus a mhíniú.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe biachláir, oidis chócaireachta, léirmheasanna ar bhialanna agus araile.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe treoracha maidir le cócaireacht, léirmheasanna ar bhialanna agus araile. |

***Topaic 7: Ag eagrú cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 7.1 | Ag lorg eolais faoi chúrsaí. | Cén uair a bheidh an chéad chúrsa eile ag tosú?<br>An mbeidh aon dianchúrsa ar siúl le linn shaoire na Cásca?<br>An mbeidh cúrsa ardleibhéil ar siúl aon am i mí Lúnasa?<br>An bhfuil bróisiúr na bliana seo chugainn ar fáil fós? |
| 7.2 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí. | Cuirfear tús leis an chéad chúrsa eile ar an Satharn, an tríú lá de mhí an Mheithimh.<br>Beidh cúrsa ag tosú Aoine an Chéasta.<br>Beidh cúrsaí ar siúl ag an bhunleibhéal, ag an mheánleibhéal agus ag an ardleibhéal. |
| 7.3 | Ag lorg eolais maidir le clárú agus íocaíocht le haghaidh cúrsaí. | An gcuirfeá foirm iarratais chugam, le do thoil?<br>An féidir liom foirm iarratais a íoslódáil ón idirlíon?<br>Cad go díreach atá san áireamh sa phraghas sin?<br>An féidir liom íoc le cárta creidmheasa? |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Bheinn buíoch dá seolfá admháil chugam, le do thoil. |
| 7.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín. | An bhfuil aon óstán cóngarach don ionad?<br>An gcuirfeá seomra singil in áirithe dom i dteach lóistín?<br>Is féidir leaba, bricfeasta agus dinnéar a fháil le teaghlach Gaeltachta nó is féidir teach féinfhreastail a roinnt le daoine eile ar an chúrsa.<br>Tá cúpla teach lóistín sa cheantar. |
| 7.5 | Ag lorg eolais faoi chúrsaí taistil. | Cén tslí is fearr chun an Cheathrú Rua a bhaint amach?<br>Cén bealach is fearr le dul go Gleann Cholm Cille?<br>An bhfuil bus ann a théann díreach ón Daingean go Trá Lí?<br>An bhfuil rátaí speisialta acu do mhic léinn? |
| 7.6 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí taistil. | Níl aon bhus a théann díreach go Gaoth Dobhair. Beidh ort athrú i Leitir Ceanainn.<br>Ar an drochuair, ní féidir suíochán a chur in áirithe.<br>Níl mé cinnte cén t-am a imíonn an chéad bhus ar an Domhnach. Beidh ort ceist a chur sa stáisiún.<br>Beidh clár ama nua ag Bus Éireann an tseachtain seo chugainn. |
| 7.7 | Ag cur comhairle ar dhuine. | Mholfainn duit tacsaí a fháil má bhíonn an-chuid bagáiste agat.<br>B'fhearr duit carr a fháil ar cíos.<br>Bí cúramach, tá an bóthar go dona idir na Cealla Beaga agus Gleann Cholm Cille. |
| 7.8 | Ag lorg agus ag tabhairt treoracha. | Cá háit go díreach a bhfuil an t-ionad suite?<br>An bhfuil an t-áras i bhfad ó lár an tsráidbhaile? |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| | | Téigh tríd an bhaile agus tóg an chéad chasadh ar dheis. Ansin lean na comharthaí don Ionad.<br>Tá sé tuairim agus deich nóiméad siúil ó stad na mbusanna.<br>Táimid suite timpeall caoga míle ó thuaidh den aerfort. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| An réamhfhocal *idir* | Tá an bóthar idir Doire agus Cúil Raithin dúnta.<br>*Ach*<br>Bhí idir bhuachaillí agus chailíní i mo rang. |
| An tuiseal ginideach<br>(tar éis réamhfhocail chomhshuite) | Ag barr an bhóthair<br>Ag cúinne na sráide<br>Os comhair an ionaid<br><br>*Ach*<br>Taobh thiar den ollmhargadh<br>In aice leis an fhear |

| **Cultúr na hÉireann** | **Samplaí/tagairtí** |
|---|---|
| Grúpaí/eagraíochtaí a eagraíonn cúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht. | Féach www.concos.ie agus www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/cursai-gaeilge le liosta a fháil |
| Eolas faoi na ceantair Ghaeltachta. | www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/an-ghaeltacht |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cúrsaí lóistín | Lóistín iomlán<br>Lóistín féinfhreastail<br>Teach a thógáil ar cíos<br>Seomra/teach a roinnt |
| Ag clárú agus ag íoc | Áit a chur in áirithe<br>Clárú<br>Foirm chláraithe<br>Bróisiúr<br>Éarlais<br>Íoc le cárta creidmheasa/seic/airgead tirim<br>Admháil |
| Cineálacha cúrsaí | Cúrsa potaireachta<br>Cúrsa damhsa seit<br>Cúrsa siúl sléibhe<br>Cúrsa ceoil<br>Cúrsa sa bhéaloideas<br>Cúrsa sa stair áitiúil<br>Cúrsa sa scríbhneoireacht chruthaitheach |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann eolas a lorg, plé a dhéanamh agus tuairimí a mhalartú faoi na rudaí seo a leanas: cúrsaí teanga, lóistín, cúrsaí taistil, treoracha agus araile.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe bróisiúir agus ábhair phoiblíochta.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe foirmeacha cláraithe agus a leithéidí. |

***Topaic 8: Ag freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 8.1 | Ag lorg comhairle. | An mbeadh an t-ardrang oiriúnach dom, meas tú?<br>An molfá dom dul isteach san ardrang?<br>An mbeadh an meánrang róshimplí dom, meas tú? |
| 8.2 | Ag tabhairt comhairle. | Ba cheart duit triail a bhaint as an ardrang.<br>Bheadh an meánrang róshimplí duit.<br>Labhair leis na daoine eile sa rang. |
| 8.3 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi rang teanga. | Cén chanúint atá ag an mhúinteoir?<br>Canúint na Mumhan.<br>An mbeimid ag plé cúrsaí gramadaí an t-am ar fad?<br>Beidh béim láidir ar obair ghrúpa.<br>Comhrá is mó a bheidh sa rang ach déanfar gramadach anois is arís.<br>Bainfear úsáid as físeáin agus as míreanna ón raidió agus ón teilifís. |
| 8.4 | Ag labhairt faoi do chumas féin agus cumas daoine eile sa teanga. | Tá mé in ann an teanga a thuiscint go maith.<br>Bíonn deacrachtaí agam le canúint na Mumhan.<br>Tá Pól líofa sa teanga.<br>Tá neart Gaeilge ag Aoife.<br>Tá feabhas tagtha air le tamall anuas. |
| 8.5 | Ag fiafraí de dhaoine cad é mar atá ag éirí leo agus ag freagairt na ceiste sin. | Cad é mar atá ag éirí leat sa mheánrang?<br>An bhfuil tú sásta go leor leis an rang sin?<br>Tá ag éirí go maith liom. Tá mé breá sásta.<br>Tá sé ródheacair dom. Tá sé ar intinn agam dul isteach sa mheánrang. |
| 8.6 | Ag lorg cabhrach sa seomra ranga. | An féidir leat an nath cainte sin a aistriú dom, le do thoil?<br>Ar mhiste leat an riail sin a mhíniú arís, le do thoil?<br>Céard atá mícheart leis an abairt seo?<br>An bhfuil an t-ainmfhocal sin cosúil leis an ainmfhocal X sa Fhraincis? |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Tá sé sin difriúil leis an Bhéarla, nach bhfuil?<br>An féidir an briathar saor a úsáid sa chomhthéacs sin? |
| 8.7 | Ag glacadh le treoracha sa seomra ranga. | Déanaigí an chéad ghníomhaíocht ar an bhileog seo, le bhur dtoil.<br>Bain féin agus an duine in aice leat triail as an rólimirt seo.<br>Beidh sos againn anois ar feadh deich nóiméad. Bígí ar ais ag leathuair tar éis a deich, le bhur dtoil. |
| 8.8 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi imeachtaí sóisialta. | Cad a bheidh ar siúl tráthnóna?<br>An mbeidh aon rud ar siúl tráthnóna inniu nó anocht?<br>Beidh ceardlann damhsa ar siúl sa halla anocht, ag tosú ag a hocht.<br>Má bhíonn an aimsir tirim beidh siúlóid againn timpeall an cheantair ag a sé.<br>Beidh seisiún ceoil agus amhránaíochta san óstán níos moille anocht. |
| 8.9 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi staid na teanga agus na Gaeltachta. | An labhraíonn mórán daoine Gaeilge sa cheantar seo?<br>Labhraíonn an chuid is mó de na daoine í.<br>Bíonn ranganna ar siúl do dhaoine nach bhfuil an teanga acu. |
| 8.10 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi sheirbhísí sa cheantar. | An bhfuil garáiste cóngarach dúinn anseo? Caithfidh mé peitreal a chur sa charr.<br>An bhfuil garáiste ar bith sa cheantar? Tá ceann de na boinn ar an charr pollta.<br>Tá garáiste ar imeall an bhaile, cúpla nóiméad síos an bóthar.<br><br>Goideadh mo rothar tráthnóna inné. An bhfuil stáisiún na nGardaí i bhfad ar shiúl?<br>Tá sé díreach in aice leis an ollmhargadh. Bíonn Garda ann idir a deich agus a dó dhéag gach maidin.<br><br>Cá bhfuil bosca na litreacha? |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | An mbailítear an post gach tráthnóna? |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Modh ordaitheach (uimhir iolra) | Tógaigí<br>Taispeánaigí<br>Léigí<br>Osclaígí<br>Abraigí |
| An modh coinníollach (na briathra rialta agus neamhrialta) | Mholfainn duit é sin a dhéanamh.<br>Rachainn isteach san Ardrang.<br>Bheifeá níos sásta dá rachfá isteach sa rang sin. |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí |
|---|---|
| Na príomhchanúintí agus na príomhdhifríochtaí eatarthu.<br><br>An tseandálaíocht (iarsmaí réamhstaire) | Féach suíomh Oidhreacht Éireann:<br>www.heritageireland.ie/en/ga |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| Stór focal | Samplaí |
| --- | --- |
| Na príomhchanúintí | Canúint Uladh<br>Canúint na Mumhan<br>Canúint an Iarthair (nó canúint Chonnacht) |
| Ginearálta | Teanga dhúchais<br>Teanga Cheilteach<br>Cainteoir dúchais<br>Máthairtheanga<br>An dara teanga<br>Teanga iasachta |
| Cúrsaí ranga | Leabhar gramadaí/leabhair ghramadaí<br>Foclóir/foclóirí<br>Ceacht/ceachtanna<br>Gníomhaíocht/gníomhaíochtaí<br>Tasc/tascanna<br>Abairt/abairtí<br>Abairt a aistriú<br>Nath cainte/nathanna cainte<br>Seanfhocal/seanfhocail<br>Botún (nó meancóg) a dhéanamh<br>Earráid<br>Tá feabhas tagtha ar…<br>Tá dul chun cinn déanta ag…<br>Tá neart Gaeilge ag…<br>Deacrachtaí…<br>…leis an fhoghraíocht<br>…leis an ghramadach<br>…leis an bhlas cainte |
| An ghramadach | Briathar/briathra (rialta/neamhrialta)<br>An aimsir láithreach<br>An aimsir chaite<br>An aimsir fháistineach<br>An modh coinníollach<br>An aimsir ghnáthchaite<br>An modh ordaitheach<br>An briathar saor<br>Ainmfhocal/ainmfhocail<br>Uimhir uatha |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Uimhir iolra<br>An tuiseal ainmneach<br>An tuiseal ginideach<br>An chéad díochlaonadh…<br>An aidiacht/na haidiachtaí<br>An réamhfhocal/na réamhfhocail<br>An chopail… |
| Cúrsaí gluaisteáin | Bonn/boinn<br>Na coscáin<br>Peitreal (nó artola)<br>Díosal<br>An ola a sheiceáil<br>An scáthán a dheisiú |
| Stáisiún na nGardaí | Chaill mé...<br>suim airgid<br>mo sparán<br>Goideadh…<br>mo chárta creidmheasa<br>mo ghluaisteán<br>mo rothar |

**Beidh na foghlaimeoirí ábalta …**

***Labhairt agus éisteacht***

Beidh na foghlaimeoirí in ann trácht ar chumas teanga agus déileáil le fadhbanna tuisceana agus foclóra, taithí agus tuairimí faoi na cúrsaí sin a mhalartú, páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi na hábhair sin, agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair agus a mhíniú. Beidh siad in ann an Ghaeilge a thuiscint mar mheán teagaisc agus í a úsáid agus a thuiscint mar theanga chomhluadair i measc a gcomhfhoghlaimeoirí le linn sosanna, béilí agus araile. Beidh siad in ann tuairisc a thabhairt agus plé a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhaineann le foghlaim teanga. Beidh siad in ann scrúduithe a phlé agus cur isteach ar scrúduithe.

***Léamh***

Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe eolas maidir le cúrsaí, scrúduithe agus araile.

***Scríobh***

Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ceistneoirí, foirmeacha iarratais agus a leithéidí.

***Topaic 9: Cúrsaí oideachais***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 9.1 | Ag déanamh plé ar na cineálacha éagsúla meánscoileanna. | D'fhreastail Bríd ar scoil chlochair agus thaitin an scoil go mór léi.<br>Sílim gur fearr buachaillí agus cailíní a bheith in aon scoil le chéile.<br>Níor mhaith liom mo chuid páistí a chur chuig scoil chónaithe.<br>Tá fás mór ag teacht ar scoileanna ilchreidmheacha le tamall anuas.<br>Tá neart buntáistí ag baint leis na Gaelscoileanna. |
| 9.2 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí oideachais (ag agallamh, mar shampla). | Cén áit a bhfuair tú do chuid meánscolaíochta?<br>Cén áit a ndeachaigh tú ar ollscoil?<br>Cén áit a ndearna tú an mháistreacht?<br>Bhí mé in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar feadh ceithre bliana. Rinne mé céim san innealtóireacht. Chaith mé bliain ar thaithí oibre le comhlacht i Meiriceá.<br><br>Chuaigh mé go hOllscoil na Banríona mar mhac léinn aibí agus rinne mé céim sa tráchtáil. Chuaigh mé go dtí coláiste oiliúna ansin agus rinne mé dioplóma sa mhúinteoireacht. |
| 9.3 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí. | Inis dom faoin chúrsa iarchéime a rinne tú.<br>Bhí orainn freastal ar léachtaí faoin litríocht agus ansin rinne mé taighde ar logainmneacha Charna.<br>An raibh aon scrúduithe le déanamh agat?<br>Bhí obair leanúnach le déanamh le linn na bliana agus ansin bhí scrúdú scríofa againn ag deireadh na bliana. |
| 9.4 | Ag labhairt le múinteoir faoi ghnéithe éagsúla de scolaíocht an pháiste. | An mbeidh an múinteoir céanna ag na naíonáin an bhliain seo chugainn?<br>Conas atá ag éirí le Tomás sa Mhatamaitic?<br>An bhfuil tú sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag Marina sa léitheoireacht? |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | An bhfuil aon deacrachtaí ag Breandán sa rang? |
| 9.5 | Ag lorg comhairle ó mhúinteoir. | Is dóigh liom go bhfuil fadhb ag Seán leis an litriú. Cad is féidir liom a dhéanamh?<br>An bhfuil físeán ar bith ann a bheadh go maith? |
| 9.6 | Ag cur sástachta in iúl. | Tá Brian an-sásta sa rang seo.<br>Taitníonn na ranganna ealaíne agus na ranganna ceoil go mór le Síle.<br>Tá dul chun cinn mór déanta ag Eoghan an téarma seo. |
| 9.7 | Ag cur míshástachta in iúl. | Ní dóigh liom go bhfuil ag éirí rómhaith le Seán an téarma seo.<br>Tá fadhbanna ag Pól le cuid de na páistí eile.<br>Tá deacrachtaí ag Eoin leis an Mhatamaitic. |
| 9.8 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shocruithe. | Cá huair a bheidh an téarma nua ag tosú?<br>Beimid ag tosú ar an Luan, an tríú lá de Mheán Fómhair.<br><br>Cá huair a bheidh sibh ag druidim le haghaidh shaoire na Nollag?<br>An tríú lá is fiche den mhí, sílim. |
| 9.9 | Ag déanamh plé ar an chóras oideachais. | Tá caighdeán an oideachais sa tír seo an-mhaith.<br>Cuireann easpa smachta sa rang isteach ar obair an mhúinteora go minic.<br>Tá an iomarca brú ar dhaltaí pointí arda a fháil san Ardteistiméireacht. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An tuiseal ginideach uatha agus na comhthéacsanna ina mbaintear úsáid as. | Caighdeán an oideachais<br>Easpa smachta<br><br>Mo chuid meánscolaíochta<br><br>A lán eolais<br>Cuid mhór ama<br><br>Ag scríobh na haiste<br>Ag foghlaim na gramadaí<br><br>I lár an ranga<br>Ag tús an lae<br><br>Trasna an tseomra<br>Chun na scoile… |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí |
|---|---|
| Gluaiseacht na nGaelscoileanna | www.gaeloideachas.ie |
| Na naíonraí | peig.ie/4-bliain/naionrai/<br>www.comharnaionrai.ie/ |
| Cúrsaí éagsúla Gaeilge á dtairiscint ag na hollscoileanna agus na hinstitiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus thar lear. | |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cúrsaí oideachais | Bunscolaíocht<br>Meánscolaíocht<br>Oideachas tríú leibhéal<br>Aosoideachas |
| Ionaid oideachais | Gairmscoil (ceardscoil)<br>Scoil chuimsitheach<br>Scoil chónaithe<br>Scoil chlochair<br>Scoil phobail (pobalscoil)<br>Coláiste pobail<br>Scoil mheasctha |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

| | |
|---|---|
| | Scoil ilchreidmheach<br>Gaelscoil<br><br>Coláiste oiliúna<br>Coláiste tríú leibhéal |
| Ábhair | Bitheolaíocht<br>Fisic<br>Ceimic<br>Seandálaíocht<br>Leigheas<br>Dlí<br>Cuntasaíocht<br>Líníocht theicniúil<br>Tráchtáil<br>Innealtóireacht<br>Banaltracht<br><br>Múinteoireacht<br>Teangeolaíocht |
| Ginearálta | Léacht/léachtaí<br>Teagascóir/teagascóirí<br>Léachtóir /léachtóirí<br>Mac léinn aibí (nó lánfhásta)<br>Fochéimí/fochéimithe<br>Iarchéimí/iarchéimithe<br>Máistreacht<br>Dochtúireacht<br>Taighde a dhéanamh<br>Tráchtas a dhéanamh<br>Clár ama<br>Téarma |
| Scrúduithe | Obair leanúnach<br>Scrúdú/scrúduithe<br>An tSraith Shóisearach<br>An Ardteistiméireacht<br>An páipéar scríofa<br>An scrúdú cainte<br>Teip<br>Pas a fháil i scrúdú<br>Toradh/torthaí<br>Marc/marcanna |

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
| --- |
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann eolas agus tuairimí a mhalartú i dtaobh cúrsaí oideachais, cineálacha oideachais, ábhair scoile, cáilíochtaí agus araile. Beidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi na hábhair sin agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair agus a mhíniú. Beidh na tuismitheoirí ina measc in ann na gnáthshocruithe a dhéanamh maidir le tinreamh scoile, roghanna maidir le hoideachas a gcuid páistí a fhiosrú agus freastal ar chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí le dul chun cinn a gcuid páistí a phlé.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil. Beidh siad in ann tuairiscí agus nótaí maidir le dul chun cinn a gcuid páistí a léamh, chomh maith le bróisiúir agus bileoga eolais agus araile.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ceistneoirí, foirmeacha iarratais agus a leithéidí. |

***Topaic 10: Na meáin chumarsáide***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 10.1 | Ag cur síos ar nósanna léitheoireachta agus éisteachta. | Ceannaím an *Irish Times* beagnach gach lá.<br>Ní chaillim an clár ealaíne ar RTÉ riamh.<br>Is gnách liom *The RTÉ Guide* a fháil ag an deireadh seachtaine.<br>Ní cheannaím aon nuachtán Domhnaigh ach léim roinnt mhaith alt ar líne. |
| 10.2 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais. | Cé hé eagarthóir na hirise sin faoi láthair?<br>Sílim gurb é Seán Ó Coileáin atá ann, ach níl mé cinnte.<br>An bhfaigheann siad maoiniú ó aon dream?<br>Ní fhaigheann, go bhfios dom.<br>Cá bhfuil oifigí an nuachtáin lonnaithe?<br>Áit éigin i gConamara. |
| 10.3 | Ag lorg tuairimí daoine eile. | An measann tú go bhfuil feabhas tagtha ar na colúin Ghaeilge san *Irish Times* le tamall anuas?<br>An bhfuil mórán spéise agat sna cláir cheoil a bhíonn ar RTÉ Raidió na Gaeltachta?<br>Cad a cheapann tú de na cláir cheoil a bhíonn ar Raidió na Life?<br>Cad é do bharúil de na hirisí *Comhar* agus *Nós*? |
| 10.4 | Ag cur tuairimí dearfacha in iúl. | Sílim gur nuachtán maith atá ann agus taitníonn eagrán an tSathairn go mór liom.<br>Bíonn plé iontach ann ar chúrsaí spóirt agus is breá liom na léirmheasanna leabhar.<br>Clár den scoth atá ann.<br>Tá an-chur amach ag an láithreoir ar chúrsaí ceoil. |
| 10.5 | Ag cur tuairimí diúltacha in iúl. | Ní bhíonn mórán scéalta idirnáisiúnta acu.<br>Scéalta báis is mó a bhíonn acu.<br>Níl mé róthógtha leis an stáisiún. B’fhearr liom níos mó cláir nuachta a bheith ann.<br>Ní thaitníonn an cineál ceoil a bhíonn ar an chlár liom in aon chor. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Cuireann na fógraí as go mór dom.<br>Milleann siad na cláir. |
| 10.6 | Ag fiafraí de dhaoine ar chuala siad nó an bhfaca siad mír faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfaca tú an t-alt a bhí sa *Times* ar an Domhnach faoin turasóireacht i gceantar Chonamara?<br>Chonaic, is cosúil gur breá leis na Gearmánaigh an ceantar ach deir siad go bhfuil an bia agus an lóistín an-chostasach.<br><br>Ar chuala tú clár Ryan Tubridy inné?<br>Níor chuala. Cad a bhí á rá aige? |
| 10.7 | Ag cur mianta in iúl. | Ba bhreá liom dá mbeadh níos mó cláir chainte ar TG4.<br>Bheadh sé go maith dá mbeadh níos mó léirmheasanna ceoil ar an nuachtán.<br>B'fhearr liom dá mbeadh fotheidil ar na cláir go léir.<br>Ba cheart go mbeadh níos mó soláthair acu do pháistí. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An aidiacht bhriathartha | Déan – déanta<br>Scríobh – scríofa<br>Tar – tagtha<br>Oscail – oscailte<br>Foghlaim – foghlamtha<br>Socraigh – socraithe |
| An tuiseal ginideach | Eagarthóir na hirise<br>Eagrán an tSathairn<br>Oifigí an nuachtáin |

| **Cultúr na hÉireann** | **Samplaí/tagairtí** |
|---|---|
| Na meáin chraolta Ghaeilge | TG4 www.tg4.ie<br>RTÉ Raidió na Gaeltachta<br>www.rte/rnag<br>Raidió na Life www.raidionalife.ie<br>BBC Thuaisceart Éireann<br>www.bbc.co.uk/irish<br>Raidió Fáilte www.raidiofailte.com |
| Na meáin chlóite Ghaeilge | Nós www.nos.ie<br>Feasta www.feasta.ie<br>Comhar www.comhar.ie |
| Irisí/nuachtáin Ghaeilge ar líne | www.tuairisc.ie<br>www.meoneile.ie |

| **Stór focal** | **Samplaí** |
| --- | --- |
| Preas | Foilsiú<br>Foilseachán<br><br>Nuachtán laethúil<br>Nuachtán Domhnaigh<br>Nuachtán seachtainiúil<br>Iris choicísiúil<br>Iris mhíosúil<br>Tréimhseachán<br>Paimfléad<br>Eagrán<br>Alt/ailt<br>Gné-alt/gné-ailt<br>Fógraíocht<br>Léirmheas/léirmheasanna<br>Mír nuachta/míreanna nuachta<br>Ceannlíne/ceannlínte<br>Litreacha chuig an eagarthóir<br>An t-eagarfhocal<br>An crosfhocal<br>An t-eagarthóir<br>Tuairisceoir/tuairisceoirí<br>Iriseoir/iriseoirí<br>Saoririseoir/saoririseoirí<br>Comhfhreagraí polaitiúil/spóirt/<br>eacnamaíochta<br>Léirmheastóir/léirmheastóirí<br>Colúnaí/colúnaithe<br>Síntiús a bhaint amach…<br>Tá díol maith ar…<br>Tá scaipeadh maith ar… |
| Cineálacha clár | Clár faisnéise<br>Clár bleachtaireachta<br><br>Sraith/sraitheanna<br>Fotheidil<br>Láithreoir<br>Léiritheoir |

**Beidh na foghlaimeoirí ábalta …**

***Labhairt agus éisteacht***

Beidh na foghlaimeoirí ábalta labhairt faoi na nuachtáin agus na hirisí a cheannaíonn agus a léann siad féin go rialta, ar an Domhnach nó anois is arís. Beidh siad in ann a rá cén fáth a dtaitníonn na nuachtáin/irisí áirithe sin leo, na codanna den nuachtán nó den iris is fearr leo, na colúnaithe nó na hiriseoirí is mó a théann i bhfeidhm orthu agus na fáthanna atá leis sin. Beidh siad in ann labhairt faoi na cláir theilifíse agus raidió a thaitníonn agus nach dtaitníonn leo agus cúiseanna a thabhairt chun tacú lena ndearcadh. Beidh siad in ann labhairt faoi scéalta nó míreanna ar chuir siad féin suim iontu agus iad a phlé. Beidh siad in ann labhairt faoi na meáin, go háirithe na meáin Ghaeilge idir chlóite agus eile, agus plé a dhéanamh ar na hábhair chéanna.

***Léamh***

Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe sceidil raidió agus teilifíse, ailt faoi na meáin chumarsáide agus araile.

***Scríobh***

Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad 

***Topaic 11: An teicneolaíocht***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 11.1 | Ag fiafraí de dhaoine faoi na scileanna ríomhaireachta atá acu agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil scileanna maithe ríomhaireachta agat?<br>Tá. Tá cúpla cúrsa déanta agam. Fuair mé teastas cúpla mí ó shin.<br>An bhfuil tú eolach ar an chlár *Excel*?<br>Tá. Bainim úsáid as go rialta i mo chuid oibre.<br>An bhfuil cur amach agat ar an fhoghlaim ar líne?<br>Níl, ach cloisim go bhfuil cúrsaí maithe ar fáil ar an aimsir seo. |
| 11.2 | Ag cur ceist ar dhaoine faoin idirlíon agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil ceangal maith idirlín agat?<br>Tá ceangal an-láidir agam san oifig ach níl sé chomh maith céanna sa bhaile.<br>Tá seirbhís leathanbhanda againn anois agus bíonn sé níos fusa ábhar a íoslódáil. |
| 11.3 | Ag cur ceist ar dhaoine faoin úsáid a bhaineann siad as gléasanna éagsúla teicneolaíochta agus ag freagairt na ceiste sin. | An bhfuil ríomhaire deasca fós agat?<br>Tá ceann agam san oifig ach bím ag obair ar ríomhaire glúine sa bhaile.<br>An mbaineann tú mórán úsáide as an ríomhaire táibléid?<br>Ní bhaineann, le fírinne. Déanaim nach mór gach rud ar an ghuthán póca anois. Baineann na páistí an-úsáid as, áfach, go háirithe le hobair scoile a dhéanamh.<br>Ní duine rótheicniúil mise – ní dhéanaim mórán le mo ghuthán seachas glaonna a chur ar chairde nó teachtaireachtaí téacs a sheoladh chucu. |
| 11.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi shuíomh gréasáin. | An bhfuil do shuíomh gréasáin féin agat?<br>Níl, ach tá ceann iontach ag an chomhlacht lena bhfuil mé ag obair.<br>Cad é seoladh an tsuímh sin?<br>Cá bhfuil an t-eolas faoi aisíocaíochtaí?<br>Scrollaigh síos go bun an leathanaigh. Tá nasc ansin ar chlé.<br>Cad é do mheas ar shuíomh nua an chomhlachta? |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 11.5 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí ríomhphoist. | Tá mé an-tógtha leis an leagan amach ach tá deacrachtaí fós ag baint leis an leagan móibíleach.<br><br>Cén seoladh ríomhphoist atá agat?<br>aoife@gmail.com.<br>Cé chomh minic a sheiceálann tú do chuid ríomhphost?<br>An t-am ar fad mar go bhfuil fáil agam orthu ar mo ghuthán chomh maith leis an ríomhaire. Ach múchaim na fógraí ag an deireadh seachtaine. |
| 11.6 | Ag caint faoi na nósanna úsáide atá agat ó thaobh na teicneolaíochta de. | Is breá liom a bheith ag scimeáil ar an idirlíon nó ag éisteacht le podchraoltaí agus mé ar an bhus.<br>Faighim mo chuid nuachta ar fad ar líne anois. Is annamh a léim aon rud ar páipéar a thuilleadh.<br>Bím an-ghníomhach go deo ar líne – tá blag agam, postálaim an-chuid ar na meáin shóisialta agus tá go leor leantóirí agam.<br>Ní minic a fhéachaim ar an teilifís – déanaim cláracha a shruthú den chuid is mó.<br>Tá ceithre nó cúig shíntiús mhíosúla agam ar líne agus tá an-chuid aipeanna ar mo ghuthán agam. |
| 11.7 | Ag cur tuairimí dearfacha in iúl faoin idirlíon. | Bíonn an litreoir Gaeilge an-úsáideach agus mé i mbun mo chuid oibre.<br>Sílim go bhfuil an t-inneall cuardaigh atá ag Google go hiontach ar fad.<br>Is iontach gur féidir féachaint siar ar chláir ar sheinnteoirí ar líne. |
| 11.8 | Ag labhairt faoi fhadhbanna a bhaineann leis an idirlíon. | Bhí víreas ar mo ríomhaire cúpla seachtain ó shin. Scrios sé cúpla comhad.<br>Faighim cuid mhór turscair.<br>Cé nach bhfuil an trealamh féin róchostasach, tá an dúch don phrintéir an-chostasach ar fad.<br>Bím buartha faoi chúrsaí slándála ar líne. |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 11.9 | Ag labhairt faoi phleananna atá agat. | Tá mo chuid páistí i bhfad róthugtha don ríomhaire agus is deacair súil a choinneáil orthu.<br><br>Ba bhreá liom cúrsa ríomhaireachta a dhéanamh – tá cuid mhór rudaí nach bhfuil ar eolas agam.<br>Tá mé chun cúrsa i ndearadh suíomh a dhéanamh amach anseo.<br>Tá sé i gceist agam gearradh siar ar an méid ama a chaithim os comhair scáileáin. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Comhfhocail | Leathanbhanda<br>Clóscríobh<br>Íoslódáil<br>Ríomhphost |
| Na réamhfhocail shimplí a théann le briathra, ainmfhocail agus aidiachtaí briathartha ar leith | An bhfuil tú eolach ar an chlár/gclár sin?<br>Bainim úsáid as an idirlíon.<br>Seolaim teachtaireachtaí chucu.<br>An bhfuil fáil agat ar an chomhad/gcomhad?<br>Tá mé an-tógtha le cuma an tsuímh sin. |
| Céimeanna comparáide na haidiachta | furasta – níos fusa<br>éasca – is éasca<br>áisiúil – níos áisiúla<br>deacair – is deacra |
| Foirmeacha neamhspleácha agus spleácha den bhriathar | Cá mhéad duine a rinne an cúrsa leat?<br>Cén fáth a ndearna sibh an cúrsa i mBaile Átha Cliath?<br><br>Cathain a thosóidh an cúrsa?<br>Cén áit a mbeidh sé ar siúl? |

| Cultúr na hÉireann | Samplaí/tagairtí |
|---|---|
| Nuathéarmaíocht na Gaeilge | www.tearma.ie<br>www.focloir.ie |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cúrsaí teicneolaíochta | Ríomhaire<br>Ríomhaire glúine<br>Ríomhaire deasca<br>Ríomhaire táibléid<br>Scáileán<br>Luch(óg)<br>Méarchlár<br>Printéir<br>Clár ríomhaireachta/cláir ríomhaireachta<br>An t-idirlíon<br>Teachtaireacht ríomhphoist<br>Íoslódáil<br>Uaslódáil<br>Brabhsáil<br>Brabhsálaí<br>Suíomh gréasáin/suímh ghréasáin<br>Inneall cuardaigh<br>An gréasán domhanda<br>Litreoir<br>Ceangaltán/ceangaltáin a sheoladh/a fháil<br>Trealamh<br>Comhad/comhaid<br>Seirbhís leathanbhanda<br>Ríomhphost a sheiceáil<br>Víreas<br>Bogearra frithvíreas<br>Slándáil<br>Turscar<br>Guthán póca<br>Seinnteoir<br>Teachtaireacht téacs<br>Aip<br>Feidhmchlár<br>Comhéadan<br>Móibíleach |

| | |
|---|---|
| | Leantóir<br>Gníomhach<br>Postáil<br>Cianfhoghlaim<br>Foghlaim chumaisc<br>Scimeáil<br>Sruthaigh<br>Scrollaigh |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann labhairt faoin ról atá ag an teicneolaíocht ina saol laethúil agus faoin úsáid a bhaineann siad féin as an idirlíon, ríomhphost, guthán póca agus araile. Beidh siad in ann cur síos ar na pleananna atá acu le feabhas a chur ar a gcuid scileanna ríomhaireachta. Beidh siad ábalta a dtuairimí a chur in iúl agus plé a dhéanamh le daoine eile ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gnéithe éagsúla den teicneolaíocht.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

***Topaic 12: Cúrsaí sóisialta agus dlí***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 12.1 | Ag cur síos ar fhadhbanna sóisialta. | Tá an-chuid fadhbanna sa cheantar, go háirithe le roinnt blianta anuas.<br>Tá an foréigean go dona i gcathracha agus i mbailte na tíre.<br>Cé go bhfuil an ráta dífhostaíochta íseal go maith, tá a lán bochtaineachta sa tír go fóill.<br>Cuireann sé fearg orm go bhfuil an timpeallacht i mbaol. |
| 12.2 | Ag lorg tuairime. | Cé air a bhfuil an locht, meas tú?<br>Cén réiteach atá ar an fhadhb?<br>An measann tú go bhfuil feabhas ag teacht ar an scéal le tamall?<br>Ar cheart fíneálacha níos airde a ghearradh ar dhaoine?<br>Nach gcuireann a leithéid isteach ortsa chomh maith? |
| 12.3 | Ag labhairt faoi réiteach a fháil ar fhadhbanna. | Seans go gcabhródh…<br>Tá gá le breis áiseanna.<br>Teastaíonn breis infheistíochta.<br>B'fhiú breathnú ar…<br>Caithfear plean...<br>Ba cheart triail a bhaint as… |
| 12.4 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi fhadhbanna ar na bóithre. | Bíonn an iomarca timpistí uafásacha ar bhóithre na tíre seo.<br>Níl aon chiall leis na teorainneacha luais.<br>An dóigh leat go bhfuil na pointí pionóis ag obair? |
| 12.5 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi chúrsaí comhshaoil. | Cuireann sé isteach orm go gcaitheann daoine bruscar ar an talamh.<br>Tá an chuma ar an scéal nach bhfuil aon mheas ag daoine ar a dtír féin.<br>Ba chóir pionós géar a ghearradh ar dhaoine a dhéanann a leithéid.<br>Tá a lán aibhneacha agus lochanna truaillithe.<br>An ar an gComhairle atá an milleán? |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | Ar cheart níos mó a dhéanamh sna scoileanna? |
| 12.6 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoin inimirce. | Nár cheart fáilte a chur roimh na heachtrannaigh go léir?<br>Tá an-chuid inimirceach tagtha go dtí an tír seo le roinnt blianta anuas.<br>Deirtear gur teifigh atá i gcuid mhaith de na hinimircigh.<br>Ní bhíonn fáilte ag gach duine roimh na hinimircigh.<br>Ní fhaigheann siad ach pá an-íseal. |
| 12.7 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi alcól agus drugaí. | An gceapann tú go bhfuil fadhb an alcólachais níos measa anseo ná i dtíortha eile?<br>Tá fadhb an alcólachais ag dul in olcas sa tír seo.<br>Tá fadhbanna drugaí i mbeagnach gach baile sa tír anois. |
| 12.8 | Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoin fhoréigean. | Rinneadh an t-uafás ionsaithe ar sheandaoine le tamall anuas.<br>Tharla cúpla robáil i lár na cathrach anseo le gairid.<br>Bíonn scéal faoi dhúnmharú sa nuacht beagnach gach lá. |
| 12.9 | Ag éisteacht agus ag déanamh plé ar scéalta nuachta. | Briseadh isteach in oifig an phoist i…<br>Rinneadh ionsaí ar bhean…<br>Cuireadh i leith…<br>Ghabh na Gardaí…<br>Gearradh téarma príosúnachta trí bliana ar…<br>Tá beirt os comhair na cúirte i mBaile Átha Cliath de bharr… |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| An tuiseal ginideach (athruithe ar an ainmfhocal) | Pointí + pionós = pointí pionóis<br>Fadhb + alcólachas = fadhb an alcólachais<br>Oifig + an post = oifig an phoist<br><br>Bailte + an tír = bailte na tíre<br>Os comhair + an chúirt = os comhair na cúirte<br><br>Ráta + dífhostaíocht = ráta dífhostaíochta<br>A lán + bochtaineacht = a lán bochtaineachta<br><br>Téarma + príosúnacht = téarma príosúnachta<br><br>I lár + an chathair = i lár na cathrach |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

| **Stór focal** | **Samplaí** |
|---|---|
| Fadhbanna | An bhochtaineacht<br>Foréigean<br>Fadhb na ndrugaí<br>Fadhb an alcólachais<br>Géarchéim tithíochta<br>Géarchéim dífhostaíochta |
| Timpistí bóithre | An trácht<br>Brú tráchta<br>An teorainn luais/na teorainneacha luais<br>Pointí pionóis<br>Crios sábhála<br>Tiománaí/tiománaithe<br>Coisí/coisithe<br>Rothaí/rothaithe<br>Comharthaí bóthair<br>Sábháilteacht ar na bóithre<br>Feachtas poiblíochta |
| An comhshaol | Cúrsaí comhshaoil<br>Bruscar<br>Athchúrsáil<br>Truailliú<br>Aibhneacha truaillithe<br>Dumpáil mhídhleathach |
| Cúrsaí dlí agus cirt | Coir/coireanna<br>coirpeach/coirpigh<br>Gadaíocht<br>Gadaí/gadaithe<br>Briseadh isteach i…<br>Robálaí/robálaithe<br>Dúnmharú<br>Dúnmharfóir/dúnmharfóirí<br>An té a maraíodh …<br>Fuadach<br>Fuadaigh<br>Fuadaitheoir /fuadaitheoirí<br>An té a fuadaíodh…<br>Éigniú<br>Éignigh |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Dúnorgain<br>Scaoil<br>Gunna/gunnaí<br>Buama<br>Sceimhlitheoir/sceimhlitheoirí<br>Sceimhlitheoireacht<br>Drugaí<br>Drugaí a ghlacadh/a thógáil/a dhíol<br>Andúileach/andúiligh drugaí<br>Alcól/deochanna meisciúla<br>Garda/na Gardaí<br>Stáisiún na nGardaí<br>Póilín/na póilíní<br>Duine a ghabháil<br>Cuir i leith…<br>An dlí<br>Cás cúirte<br>Dlíodóir/dlíodóirí<br>Abhcóide/abhcóidí<br>Breitheamh/breithiúna<br>Breithiúnas a thabhairt<br>Lig saor<br>Lig amach ar bannaí<br>Fianaise a thabhairt<br>Giúiré<br>Ciontach<br>Neamhchiontach<br>Finné/finnéithe<br>Fíneáil a ghearradh<br>Téarma príosúnachta<br>Gearradh trí mhí príosúnachta ar…<br>An príosún<br>Príosúnach<br>Achomharc a dhéanamh<br><br>Ciníochas<br>Duine ciníoch<br>Inimirce<br>Inimirceach/inimircigh |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

**Beidh na foghlaimeoirí ábalta …**

***Labhairt agus éisteacht***
Beidh na foghlaimeoirí in ann tuairimí a nochtadh agus moltaí a dhéanamh maidir le fadhbanna sóisialta: foréigean, drugaí, alcól, an comhshaol agus araile. Beidh siad in ann na príomhphointí a thuiscint i gcláir nuachta agus i gcláir faisnéise faoi na hábhair seo. Beidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi na cúrsaí seo, a gcuid tuairimí a chur i láthair agus a mhíniú.

***Léamh***
Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ailt nuachta agus ailt tuairimíochta agus a leithéidí.

***Scríobh***
Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

***Topaic 13: An pholaitíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta***

| **Feidhmeanna** | | **Samplaí** |
|---|---|---|
| 13.1 | Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil suim acu i gcúrsaí polaitíochta nó an bhfuil baint acu le cúrsaí polaitíochta. | An bhfuil mórán suime agat i gcúrsaí polaitíochta, a Sheáin?<br>An bhfuil tú gníomhach i gcúrsaí polaitíochta, a Úna? |
| 13.2 | Ag léiriú easpa suime. | Níl suim dá laghad agam i gcúrsaí polaitíochta.<br>Is cuma sa sioc liom faoin pholaitíocht. |
| 13.3 | Ag léiriú suime. | Tá mé gafa leis an pholaitíocht áitiúil.<br>Tá suim mhór agam i bpolaitíocht na tíre seo, ach níl mórán cur amach agam ar chúrsaí thall san Eoraip. |
| 13.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais. | An bhfuil Teachta Dála ag Sinn Féin sa chontae?<br>Ní dóigh liom é, ach tá roinnt comhairleoirí contae acu.<br>Cén t-urlabhraí sláinte atá ag Fine Gael?<br>Tá an Taoiseach le casadh le Príomh-Aire na Breataine amárach. |
| 13.5 | Ag lorg tuairim duine faoi chúrsaí polaitíochta. | Cad a cheapann tú de pháirtí Fhianna Fáil faoi láthair?<br>An measann tú go mbeidh an Lucht Oibre sa chéad rialtas eile?<br>Cé aige a mbeidh an bua sa dáilcheantar seo sa chéad olltoghchán eile?<br>An síleann tú go bhfuil Fine Gael dáiríre faoi fhostaíocht a chruthú i gceantair thuaithe? |
| 13.6 | Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí polaitíochta. | Níl mórán le rá ag an fhreasúra faoin scéal.<br>Sílim go bhfuil an páirtí sin ródhiúltach faoin Aontas Eorpach.<br>Ní dóigh liom go mbeidh móramh acu san olltoghchán.<br>Beidh comhrialtas ann arís. |
| 13.7 | Ag cur mianta in iúl. | Tá súil agam go n-éireoidh go maith leis an pháirtí sa Dáilcheantar seo. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| | | |
|---|---|---|
| 13.8 | Ag cur síos ar chúrsaí cogaidh agus síochána. | Ní theastaíonn uaim go mbeadh comhrialtas ann tar éis an chéad olltoghcháin eile.<br><br>Tá an cogadh sin ag dul ar aghaidh anois le breis agus deich mbliana.<br>Tá idirbheartaíocht ar siúl idir na páirtithe éagsúla.<br><br>Cuireadh deireadh leis an sos cogaidh nuair a rinneadh ionsaí ar an bpríomhchathair.<br>Tá an cogadh idir X agus Y ag dul in olcas.<br>Rinne an t-aerfhórsa ruathar aeir ar na campaí.<br>Tá an saol ina chíor thuathail sa tír sin agus iad na gnáthdhaoine atá thíos leis. |

| **Gramadach** | **Samplaí** |
|---|---|
| Úsáid na réamhfhocal | Tá mé gafa le...<br>Tá sé gníomhach i...<br>Is cuma liom faoi...<br>Níl aon chur amach agam ar...<br>Tá mé tógtha le…<br>Tá mé tinn tuirseach de…<br>Tá amhras orm faoi...<br>Tá meas agam ar... |

| **Cultúr na hÉireann** | **Samplaí/tagairtí** |
|---|---|
| Buneolas ar an leagan amach polaitiúil atá ar Éirinn.<br><br>Buneolas ar stair na hÉireann. | www.gov.ie/ga |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| An rialtas agus cúrsaí polaitíochta | Polaitíocht<br>Páirtí polaitíochta<br>Ceannaire an pháirtí<br>Uachtarán/an tUachtarán/Uachtarán na hÉireann<br>Fianna Fáil<br>Sinn Féin<br>Fine Gael<br>Páirtí An Lucht Oibre<br>An Comhaontas Glas<br>Na Daonlathaigh Shóisialta<br>Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre<br>Páirtí an Chomhaontais<br>An Páirtí Aontachtach Daonlathach<br>Páirtí Aontachtach Uladh<br>Teachta Dála neamhspleách<br>An Dáil<br>An Seanad<br>An Rialtas<br>Comhrialtas<br>An freasúra<br>Taoiseach<br>Tánaiste<br>Teachta Dála/Teachtaí Dála<br>Feisire/Feisirí<br>Aire/Airí Rialtais<br>Aire Stáit/Airí Stáit<br>Comhairleoir contae/comhairleoirí contae<br>Urlabhraí/urlabhraithe<br>Aire Stáit an Tuaiscirt<br>Príomh-Aire na Breataine<br>Aontachtaí/Aontachtaithe<br>Poblachtach/Poblachtaigh<br>Dílseoir/Dílseoirí<br>Náisiúnaí/Náisiúnaithe<br>Próiseas na síochána<br>An Breatimeacht<br>Toghchán<br>Olltoghchán<br>Fothoghchán |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| | Vóta a chaitheamh<br>Dáilcheantar<br>Tromlach (móramh)<br>Mionlach<br>An eite dheis<br>An eite chlé<br>Coimeádach/Coimeádaigh<br>Cumannaí/Cumannaigh<br>Liobrálach/Liobrálaigh<br>Sóisialach/Sóisialaigh<br>An tAontas Eorpach<br>Comhairle na hEorpa<br>Coimisiún na hEorpa<br>Na Náisiúin Aontaithe |
| Cúrsaí cogaidh agus síochána | Síocháin<br>Cogadh<br>Cogadh a throid<br>Arm<br>Dí-armáil<br>Cabhlach<br>Aerfhórsa<br>Saighdiúir<br>Ionsaí a dhéanamh ar…<br>Ionradh a dhéanamh ar…<br>Buama<br>Arm núicléach<br>Namhaid<br>Comhghuaillí<br>Cath a throid<br>Cosaint<br>Idirbheartaíocht<br>Sos cogaidh<br>Conradh síochána<br>Cúnamh idirnáisiúnta<br>Géarchéim dhaonnúil |

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann trácht ar chúrsaí reatha idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar an pholaitíocht, ar chúrsaí rialtais agus ar chogadh agus síocháin. Beidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá ar na hábhair sin agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair agus a mhíniú.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ailt nuachta agus ailt tuairimíochta agus a leithéidí.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*

***Topaic 14: Cad é atá sa nuacht?***

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| 14.1 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí eacnamaíochta. | D'ardaigh an Banc Ceannais rátaí úis náid pointe a cúig faoin gcéad inniu.<br>Is cosúil go bhfuil laghdú tagtha ar an ráta boilscithe sna chéad trí mhí den bhliain seo.<br>Thit líon na ndaoine atá dífhostaithe arís i mbliana. |
| 14.2 | Ag cur tuairimí in iúl faoi chúrsaí eacnamaíochta. | Is dóigh liom go raibh buiséad na bliana seo cothrom go leor.<br>Bhí díomá orm nár tháinig ardú níos mó ar an phinsean.<br>Caithfidh an rialtas polasaithe nua a fhorbairt chun breis comhlachtaí idirnáisiúnta a mhealladh go hÉirinn. |
| 14.3 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí creidimh. | D'eisigh an Cairdinéal Ó Murchú ráiteas ar maidin maidir le…<br>Tá an tAthair Mac Giolla Phádraig ceaptha ina shagart cúnta i bparóiste an Ghleanna i nDeoise Fhearna.<br>Tá bailiúchán airgid ar siúl chun obair dheisiúcháin a dhéanamh ar Ardeaglais na cathrach.<br>De réir suirbhé a rinneadh le gairid, tá laghdú tagtha ar líon na ndaoine óga a bhíonn ag freastal ar an Aifreann. |
| 14.4 | Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chúrsaí creidimh. | An bhfuil mórán Moslamach ina gcónaí i…?<br>Cén céatadán den daonra ar Caitlicigh iad?<br>Deir an Pápa gur mian leis caidreamh maith a bheith aige leis an phobal Ghiúdach. |
| 14.5 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí áitiúla. | Tá deontas os cionn fiche míle euro ceadaithe do scoil náisiúnta an bhaile le hobair dheisiúcháin a dhéanamh ar chlós na scoile.<br>Beidh cruinniú ag coiste pobail an Chlocháin sa halla oíche Mháirt seo |

| Feidhmeanna | | Samplaí |
|---|---|---|
| | | chugainn chun plé a dhéanamh ar scéim nua uisce an bhaile.<br>Beidh an comharchumann oscailte chuile mhaidin Shathairn idir seo agus an Nollaig.<br>Oíche Luain seo chugainn a bheidh cruinniú cinn bhliana ag cumann tráchtála an pharóiste.<br>Níor bhuaigh aon duine an duais mhór sa chrannchur atá á reáchtáil ag Cumann Lúthchleas Gael Charna.<br>Beidh sladmhargadh ag tosú i siopa troscáin Uí Dhónaill ar an Charraig an Luan seo chugainn. |
| 14.6 | Ag tabhairt eolais faoi chúrsaí aimsire. | Tá triomach i ndeisceart na hIodáile le roinnt seachtainí.<br>Tá beirt tar éis bás a fháil in Marseille de bharr tuilte sa chathair sin ag an deireadh seachtaine.<br>Tuairiscítear gur maraíodh na mílte nuair a tharla crith talún sa Phacastáin go luath maidin inniu. |
| 14.7 | Ag tuar na haimsire. | Leanfaidh an aimsir mhaith sa chuid is mó den tír amárach. Beidh an teocht idir ocht gcéim déag agus fiche céim.<br>Beidh sé dhá chéim faoin reophointe.<br>Tá sé le glanadh amach sa lá.<br>Séidfidh gaoth láidir ón iardheisceart.<br>Beidh gaoth aniar aneas ann go ceann cúpla lá.<br>Moltar do thiománaithe a bheith cúramach maidin inniu de bharr go bhfuil cuid de na cúlbhóithre an-sleamhain. |

| Gramadach | Samplaí |
|---|---|
| Pointí na léarscáile | An tuaisceart<br>An t-iardheisceart<br>An t-oirthuaisceart<br>An t-oirthear… |
| Na dobhriathra treo | Ag dul ó thuaidh<br>Ag dul ó dheas<br>Ag dul siar<br>Ag dul soir<br>Ag teacht aduaidh<br>Ag teacht aneas<br>Ag teacht aniar<br>Ag teacht anoir… |
| Suas/síos/thuas/thíos | Ag dul suas (tá sé thuas)<br>Ag dul síos (tá sé thíos)<br>Ag teacht aníos/anuas |
| Treo na gaoithe | Beidh gaoth aneas/anoir aneas…ann. |

| Stór focal | Samplaí |
|---|---|
| Cúrsaí eacnamaíochta | An buiséad<br>Infheistiú<br>Ús<br>Rátaí úis<br>An Banc Ceannais<br>Boilsciú<br>Ráta boilscithe<br>Iompórtáil<br>Easpórtáil<br>Cúlú eacnamaíochta<br>An Tíogar Ceilteach<br>Buntáistí an Tíogair Cheiltigh<br>Géarchéim |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| | |
|---|---|
| Cúrsaí creidimh | An Chríostaíocht<br>An Búdachas<br>An Giúdachas<br>An tIoslamachas<br>An Hiondúchas<br><br>Ceartchreideamh<br>Antoisceachas<br><br>Teach an phobail (séipéal)<br>Eaglais<br>Ardeaglais<br>Clochar<br>Mainistir<br>Mosc<br>Teampall<br>Sionagóg<br><br>Reiligiún (creideamh)<br>Creid i …<br>Freastal ar…<br>Guigh…<br>An chléir<br>Sagart<br>Ministir<br>Bean rialta<br>Bráthair/bráithre<br>Easpag<br>Ardeaspag<br>Cairdinéal<br>Pápa<br>Raibí<br>Reachtaire<br>Biocáire<br><br>Dia<br>An tAifreann<br>Seirbhís<br>Paidir/paidreacha |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad* 

| | |
|---|---|
| Tubaistí nádúrtha | Crith talún<br>Tuile/tuilte<br>Díle/dílí<br>Maidhm shneachta<br>Maidhm shléibhe<br>Triomach<br>Gorta<br>Tonn teasa<br>Súnámaí |
| Cúrsaí aimsire | Fionnuar<br>Ceo<br>Ceomhar<br>Ceo seaca<br>An teocht<br>An reophointe<br>Brádán<br>Brádánach<br>Ceobhrán<br>Ceobhránach<br>Stoirmeach<br>Toirneach<br>Toirniúil<br>Tintreach (tintreacha)<br>Cith<br>Ceathach<br>Garbh<br>Tais<br>Lá bog<br>Ráigeanna báistí<br>Beidh sé ina ghála.<br>Flichshneachta<br>Réamhaisnéis na haimsire/tuar na haimsire |

| **Beidh na foghlaimeoirí ábalta …** |
|---|
| ***Labhairt agus éisteacht***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann éirim scéalta nuachta a thuiscint, réamhaisnéis na haimsire san áireamh. Beidh siad in ann dearcadh agus príomhthuairimí na gcainteoirí a aithint chomh maith le héirim an eolais a thabhairt leo. Beidh siad in ann páirt a ghlacadh i gcomhrá faoi na hábhair seo agus a gcuid tuairimí féin a chur i láthair agus a mhíniú.<br><br>***Léamh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann téacsanna léitheoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil, go háirithe ailt nuachta agus ailt tuairimíochta agus a leithéidí.<br><br>***Scríobh***<br>Beidh na foghlaimeoirí in ann tascanna scríbhneoireachta a bhaineann leis na hábhair thuasluaite a láimhseáil. |

*© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad*